⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicéideacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

⁽⁴⁾ Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicéideacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí clóiríd amóiniam démhéitilbeinsile ailcile (C₁₂₋₁₆); Cineál táirge: 1; ECHA/BPC/309/2021, arna glacadh an 2 Nollaig 2021.

- (7) Agus tuairim na Gníomhaireachta á cur san áireamh, is iomchuí clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile (C_{12-16}) (ADBAC/BKC (C_{12-C16})) a fhormheas mar shubstaint ghníomhach a bhfuiltear lena húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineáil táirge 1 faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe.
- (8) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula bhformheasfar substaint ghníomhach ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann na bearta ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun na ceanglais nua a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicéideacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile (C_{12-16}) (ADBAC/BKC (C_{12-C16})) formheasta mar shubstaint ghníomhach a bhfuiltear lena húsáid i dtáirgí bithicéideacha de chineáil táirge 1, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ⁽¹⁾	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhorpheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
Clóiríd amóiniam démheiteilbeinsile ailcile (C ₁₂₋₁₆)	Ainm IUPAC: Comhdhúile amóiniam ceathartha, beinsil-C ₁₂₋₁₆ ⁻ ailcildémheiteil, clóirídí Uimh. CE: 270-325-2 Uimh. CAS: 68424-85-1	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi: meáchan tirim 972 g/kg	1 Iúil 2024	30 Meitheamh 2034	1	Tá údarú táirgí bithicídeacha faoi réir an choinníll seo a leanas: Sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar an teagmháil, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon úsáid a chumhdaítear le hiarratas ar údarú, ach nach dtabharfar aghaidh orthu sa mheasúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal an Aontais.

⁽¹⁾ Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar an margadh a bheith cothrom nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

MOLTAÍ

MOLADH (AE) 2023/681 ÓN gCOIMISIÚN

an 8. Nollaig 2022

maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (¹) I gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínt an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Foráiltear le hAirteagail 1, 4 agus 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) go bhfuil dínt an duine dosháraithe agus nach mór í a urramú agus a chosaint, nach ndéanfar céastóireacht ar aon duine ná nach ndéanfar céastóireacht nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine agus go bhfuil an ceart chun saoirse agus slándála ag gach duine. Cumhdaítear in Airteagail 7 agus 24 den Chairt an ceart chun saol an teaghligh agus cearta an linbh. Foráiltear in Airteagal 21 den Chairt nach mbeidh aon duine inchurtha faoi idirdhealú. Aithnítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil chomh maith le toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta. Foráiltear le hAirteagal 52 den Chairt nach mór foráil a dhéanamh le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gcearta bunúsach arna n-aithint ann agus nach mór inneachar sár-riachtanach na gcearta agus na saoirsí sin, chomh maith le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, a urramú.
- (2) Tá na Ballstáit faoi cheangal ag ionstraimí reatha Chomhairle na hEorpa maidir le cearta an duine agus toirmeasc ar chéastóireacht agus cóireáil nó pionós mídhaonna nó táireach, go háirithe an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (CECD), na prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Coinbhinsiún Eorpach 1987 chun Céastóireacht agus Cóireáil agus Pionós Mídhaonna nó Táireach a Chosc. Ina theannta sin, tá gach Ballstát ina pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Cóireáil agus Pionós Mídhaonna nó Táireach Eile (UNCAT).
- (3) Ní mór roinnt ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a dhéileálann go sonrach le cearta daoine ar baineadh a saoirse díobh a chur san áireamh freisin, go háirithe: ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, rialacha íosta caighdeánacha na Náisiún Aontaithe maidir le cóireáil príosúnach (Rialacha Nelson Mandela); rialacha íosta caighdeánacha na Náisiún Aontaithe maidir le bearta neamh-choimeáda (Rialacha Tóiceo); ina theannta sin, ar leibhéal Chomhairle na hEorpa, Moladh Rec(2006) 2-Rev maidir le Rialacha Príosúin na hEorpa; an Moladh Rec(2006)13 maidir le húsáid athchur faoi choimeád, na coinníollacha ina dtarlaíonn sé agus soláthar coimirce i gcoinne mí-úsáide; Moladh CM/Rec(2017)3 ar Rialacha na hEorpa maidir le smachtbhannaí agus bearta pobail; Moladh CM/Rec(2014)4 maidir le faireachán leictreonach; Moladh CM/Rec(2010)1 ar Rialacha Promhaidh Chomhairle na hEorpa; agus an Páipéar Bán um Plódú i bPríosúin.
- (4) Ina theannta sin, tá ionstraimí eile ann lena ndírítear ar shainghrúpaí daoine a bhfuil a saoirse bainte díobh, go háirithe: ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, Rialacha na Náisiún Aontaithe chun ógánaigh a bhfuil a saoirse bainte díobh a chosaint agus Rialacha na Náisiún Aontaithe maidir le mná atá ina bpríosúnaigh a chóireáil agus bearta neamhchoimeáda do mhná atá ina gciontóirí (Rialacha Bangkok); coinbhinsiún Náisiúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC); chomh maith, ar leibhéal Chomhairle na hEorpa, Moladh CM/Rec(2008)11 maidir leis na Rialacha Eorpacha le haghaidh ógchiontóirí faoi réir smachtbhannaí nó bearta; agus an Moladh CM/Rec(2018)5 maidir le leanaí le tuismitheoirí i bpríosúin; Moladh CM/Rec (2012)12 maidir le príosúnaigh choigríche; chomh maith, ar leibhéal idirnáisiúnta neamhrialtasach, leis na Prionsabail maidir le cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine i ndáil le gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne (Prionsabail Yogyakarta), arna bhforbairt ag Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlíodóirí agus an tSeirbhís Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

- (5) D'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, sna *Aranyosi/Căldăraru* agus breithiúnais ina dhiaidh sin ⁽¹⁾, tábhacht na gcoinníollacha coinneála i gcomhthéacs an aitheantais fhrithpháirtigh agus oibriú an Chreatchinnidh 2002/584/CGB ar an mbarántas gabhála Eorpach ⁽²⁾. Rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine freisin ar thionchar na ndroch-choinníollacha coinneála ar oibriú an bharántais gabhála Eorpaigh ⁽³⁾.
- (6) I gconclúidí na Comhairle i mí na Nollag 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí mhúinín fhrithpháirteach a fheabhsú, gríosáíodh na Ballstáit chun úsáid a bhaint as bearta malartacha maidir le coinneáil d'fhonn an daonra ina saoráidí coinneála a laghdú, agus ar an gcaoi sin aidhm an athshlánú shóisialta a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar an bhfíric gur minic a chuirtear isteach ar mhúinín fhrithpháirteach mar gheall ar dhroch-choinníollacha coinneála agus mar gheall ar fhadhb na saoráidí coinneála plódaithe ⁽⁴⁾.
- (7) I gconclúidí na Comhairle i mí na Nollag 2019 maidir le roghanna malartacha ar choinneáil, gheall na Ballstáit roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh i réimse na coinneála ar an leibhéal náisiúnta, amhail bearta malartacha a ghlacadh maidir le coinneáil ⁽⁵⁾.
- (8) I gconclúidí na Comhairle i mí an Mheithimh 2019 maidir leis an radacú i bpríosúin a chosc agus a chomhrac agus maidir le déileáil le ciontóirí sceimhlitheoireachta agus antoisceacha tar éis dóibh scaoileadh saor, gheall na Ballstáit go práinneach bearta éifeachtacha a ghlacadh sa réimse sin ⁽⁶⁾.
- (9) Le roinnt blianta anuas, d'áitigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gcoinníollacha príosúin ábhartha agus chun a áirithiú gur beart eisceachtúil é coinneáil réamhthrialach, a úsáidfeadh i gcomhréir le toimhde na neamhchiontachta. Rinneadh an iarraidh sin arís i dtuarascáil Pharlaimint na hEorpa maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach ⁽⁷⁾.
- (10) Arna iarraidh sin don Choimisiún agus á mhaoiniú aige, d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha bunachar sonraí ar choinníollacha coinneála, a seoladh i mí na Nollag 2019 agus a bhfuil rochtain ag an bpobal air ⁽⁸⁾. Tiomsaíonn Bunachar Sonraí Coinneála Coiriúla na Gníomhaireachta faisnéis faoi choinníollacha coinneála i ngach Ballstát. Agus leas á bhaint aige as caighdeáin náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta, as tuarascálacha cásdlí agus as tuarascálacha faireacháin, cuirtear ar an eolas í faoi phríomhghnéithe roghnaithe na ndálaí coinneála, lena n-áirítear spás cillín, dálaí sláintíochta, rochtain ar chúram sláinte agus cosaint ar fhoréigean.
- (11) Léiríonn na staitisticí atá ar fáil maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, ó 2016 i leith, gur dhiúltaigh nó gur mhoilligh na Ballstáit forghníomhú ar fhorais a bhaineann le fíorbhaol go sárófár cearta bunúsacha i mbeagnach 300 cás, lena n-áirítear ar bhonn coinníollacha coinneála ábhartha neamhleora ⁽⁹⁾.
- (12) D'iarr údarais bhreithiúnacha náisiúnta treoir níos nithiúla maidir le conas déileáil le cásanna den sórt sin. Baineann na fadhbanna arna sainaitheint ag cleachtóirí leis an easpa comhchuibhithe, scaipthe agus easpa soiléireachta maidir le caighdeáin choinneála ar fud an Aontais mar dhúshlán don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ⁽¹⁰⁾.

⁽¹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi and Căldăraru*, C-404/15 agus C-659/15 PPU, ECLI:EU:C:2016:198. Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Iúil 2018, *Generalstaatsanwaltschaft*, C-220/18 PPU, ECLI:EU:C:2018:589 agus Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2019, *Dimitru-Tudor Dorobantu*, C-128/18, CLI:EU:C:2019:857.

⁽²⁾ Cinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

⁽³⁾ *Bivolaru agus an Mholdóiv v An Fhrainc*, Breithiúnas an 25 Márta 2021, 40324/16 agus 12623/17.

⁽⁴⁾ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14540-2018-INIT/ga/pdf>

⁽⁵⁾ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14075-2019-INIT/ga/pdf>

⁽⁶⁾ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9727-2019-INIT/ga/pdf>.

⁽⁷⁾ (2019/2207(INI)) mar a glacadh é an 20 Eanáir 2021.

⁽⁸⁾ Téigh chuig <https://fra.europa.eu/ga/databases/criminal-detention>.

⁽⁹⁾ An tréimhse a chlúdaítear 2016-2019. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://ec.europa.eu/info/publications/replies-questionnaire-quantitative-information-practical-operation-european-arrest-warrant_ga

⁽¹⁰⁾ An 9ú babhta meastóireachtaí frithpháirteacha agus conclúidí na Comhdhála Ardleibhéil maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, arna eagrú ag Uachtaránacht na Gearmáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i Meán Fómhair 2020.

- (13) Thug leath de na Ballstáit a chuir staitisticí maidir lena ndaonraí coinneála ar fáil don Choimisiún le fios go bhfuil fadhb acu le plódú ina saoráidí coinneála le ráta áitíochta níos mó ná 100 faoin gcéad. Cuireann úsáid iomarcach nó neamhriachtanach agus fad na coinneála réamhthrialach leis an bhfeiniméan maidir le plódú i saoráidí coinneála, rud a dhéanann an-dochar d'fheabhsuithe ar dhálaí coinneála.
- (14) Tá difríochtaí suntasacha i measc na mBallstát i ndáil le gnéithe tábhachtacha den choinneáil réamhthrialach, amhail úsáid na coinneála réamhthrialacha mar rogha dheireanach agus an t-athbhreithniú ar chinntí maidir le coinneáil réamhthrialach ⁽¹¹⁾. Tá an teorainn ama uasta le haghaidh coinneáil réamhthrialach difriúil freisin ó Bhallstát go Ballstát idir níos lú ná 1 bhliain agus níos mó ná 5 bliana ⁽¹²⁾. In 2020, d'athraigh meánfhad na coinneála réamhthrialach sna Ballstáit éagsúla ó 2 mhí go 13 mhí ⁽¹³⁾. Tá difríocht shuntasach ó Bhallstát go Ballstát idir líon na ndaoine atá á gcoinneáil roimh thriail mar sciar de dhaonra iomlán na bpríosún, idir níos lú ná 10 % agus níos mó ná 40 % ⁽¹⁴⁾. Dealraíonn sé nach bhfuil údar maith leis na dibhéirseachtaí móra sin i limistéar coiteann AE amhail an tsaoirse, an tslándáil agus an ceartas.
- (15) Sna tuarascálacha a tháinig le déanaí ó Choiste Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Cóireáil nó Pionós Mídhaonna nó Táireach a Chosc, tarraingítear aird ar dhianseasmhacht fadhbanna tromchúiseacha áirithe i roinnt Ballstát, amhail drochíde, mí-oiriúnacht saoráidí coinneála agus easpa gníomhaíochtaí fiúntacha agus easpa soláthar iomchuí cúraim sláinte.
- (16) Thairis sin, bíonn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine fós ag cinneadh go bhfuil Ballstáit ag sárú Airteagal 3 nó Airteagal 5 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a mhéid a bhaineann le coinneáil.
- (17) I bhfianaise líon mór na moltaí arna bhforbairt ag eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse na coinneála coiriúla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain éasca orthu i gcónaí ag breithiúna agus ionchúisitheoirí aonair sna Ballstáit a bhfuil orthu measúnú a dhéanamh ar dhálaí coinneála sula ndéanann siad a gcuid cinntí, bíodh sin i gcomhthéacs barántais ghabhála Eorpaigh nó ar an leibhéal náisiúnta.
- (18) San Aontas agus, go háirithe, i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ceanglaítear ar na híoschaighdeáin Aontais is infheidhme maidir le córais coinneála na mBallstát uile, chun an mhúinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun an t-aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha a éascú.

⁽¹¹⁾ Féach an Ard-Stiúrtóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, *Rights of suspects and accused persons who are in pre-trial detention (exploratory study): final report*, [Cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe nuair atá siad faoi choinneáil réamhthrialach (staidéar taiscéalaíoch): tuarascáil deiridh] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/293366>; An Ard-Stiúrtóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, *Rights of suspects and accused persons who are in pre-trial detention (exploratory study). Annex 2, Country fiches*, [Cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe nuair atá siad faoi choinneáil réamhthrialach (staidéar taiscéalaíoch): Iarscríbhinn 2, Bileoga tíortha] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/184080>.

⁽¹²⁾ Idir níos lú ná 1 bhliain san Ostair, sa Ghearmáin, sa Danmhairg, san Eastóin, sa Laitvia, sa tSualainn agus sa tSlóvaic; Idir 1 bhliain agus 2 bhliain sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Liotuáin, i Málta, sa Pholainn agus sa Phortaingéil; Idir 2 bhliain agus 5 bliana i bPoblacht na Seice, sa Fhrainc, sa Spáinn, sa Chróit agus san Ungáir; Níos mó ná 5 bliana san Iodáil agus sa Rómáin; Gan teorainn ama sa Bheilg, sa Chipir, san Fhionlainn, in Éirinn, i Lucsamburg, san Ísiltír.

⁽¹³⁾ In 2020, ó díreach faoi bhun 2 mhí go leith i Málta go dtí beagnach 13 mhí sa tSlóivéin. An meán de réir an Bhallstáit: An Ostair – 2,9 mí; An Bhulgáir – 6,5 mí; Poblacht na Seice – 5,1 mí; An Eastóin – 4,7 mí; An Fhionlainn – 3,7 mí; An Ghréig – 11,5 mí; An Ungáir – 12,3 mí; Éire – 2,5 mí; An Iodáil – 6,5 mí; An Liotuáin – 2,8 mí; Lucsamburg – 5,2 mí; Málta – 2,4 mí; An Ísiltír – 3,7 mí; An Phortaingéil – 11 mí; An Rómáin – 5,3 mí; An tSlóvaic – 3,9 mí; An tSlóivéin – 12,9 mí; An Spáinn – 5,9 mí. Ní raibh aon sonraí le fáil don bhliain 2020 i gcás na Beilge, na Danmhairge, na Fraince, na Laitvia, na Polainne, na Gearmáine, na Cróite, na Cipire agus na Sualainne.

⁽¹⁴⁾ Níos lú ná 10 % sa Bhulgáir, i bPoblacht na Seice agus sa Rómáin agus níos mó ná 45 % i Lucsamburg.

- (19) D'fhonn iontaobh na mBallstát as córais cheartais choiriúil a neartú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an aitheantas frithpháirteach do chinntí in ábhair choiriúla, tá sé bheart maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, eadhon Treoracha 2010/64/AE ⁽¹⁵⁾, 2012/13/AE ⁽¹⁶⁾, 2013/48/AE ⁽¹⁷⁾, (AE) 2016/343 ⁽¹⁸⁾, (AE) 2016/800 ⁽¹⁹⁾ agus (AE) 2016/1919 ⁽²⁰⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar aon le Moladh ón gCoimisiún an 27 Samhain 2013 maidir le coimircí nós imeachta do dhaoine leochaileacha a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla ⁽²¹⁾, glactha cheana féin. Tá sé mar aidhm leis na bearta sin a chinntiú go n-urramaítear cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear i gcás ina bhforchuirtear coinneáil réamhthrialach. Chun na críche sin, tá coimircí sonracha nós imeachta sna Treoracha seo do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe agus a bhfuil a saoirse bainte díobh. Tá forálacha sonracha i dTreoir (AE) 2016/800 maidir le coinníollacha coinneála réamhthrialach do leanaí; tá sé mar aidhm leo sin a bhfolláine a chosaint i gcás ina bhfuil siad faoi réir birt chomhéignigh den sórt sin. Is gá na caighdeáin maidir le cearta nós imeachta a bhunaítear sna Treoracha seo agus i Moladh 2013, agus, i gcás Threoir (AE) 2016/800, caighdeáin ábhartha maidir le coinníollacha ábhartha coinneála do leanaí atá faoi réir coinneáil réamhthrialach, a chomhlánú.
- (20) Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún na híoschaighdeáin sin a chomhdhlúthú agus a fhorbairt, caighdeáin a bhunaítear laistigh de chreat Chomhairle na hEorpa, chomh maith le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Chun na críche sin, is gá forléargas a thabhairt ar na caighdeáin íosta a roghnaíodh do chearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus coinníollacha ábhartha coinneála i bpríomhréimsí tosaíochta maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir na Ballstáit.
- (21) Maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe faoi réir coinneáil réamhthrialach, ba cheart go gcumhdófaí leis an treoir sa Mholadh seo príomhchaighdeáin maidir le coinneáil réamhthrialach a úsáid mar bheart de roghanna dheireanacha agus de roghanna eile maidir le choinneáil, forais le haghaidh coinneála réamhthrialach, ceanglais maidir le cinnteoireacht ag údaráis bhreithiúnacha, athbhreithniú tréimhsiúil ar choinneáil réamhthrialach, éisteacht daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe i leith cinní maidir le coinneáil réamhthrialach, leigheasanna éifeachtacha agus an ceart achomharc a dhéanamh, fad na coinneála réamhthrialach agus aitheantas don am a chaitear i gcoinneáil réamhthrialach i dtéarmaí asbhainte ón bpiantbhreith deiridh.
- (22) Maidir le dálaí ábhartha coinneála, ba cheart treoir a thabhairt maidir le príomhchaighdeáin i réimsí na cóiríochta, leithdháileadh na ndaoine atá á gcoinneáil, sláinte agus sláintíocht, cothú, córais choinneála i dtaca le cleachtadh agus gníomhaíochtaí lasmuigh den chillín, obair agus oideachas, cúram sláinte, cosc ar fhoréigean agus ar dhrochúsáid, teagmháil leis an saol lasmuigh, rochtain ar chúnamh dlí, nósanna imeachta um iarraidh agus gearáin, agus cigireachtaí agus faireachán. Ina theannta sin, ba cheart treoir a thabhairt maidir le cosaint a thabhairt do chearta daoine arb ionann cailleadh saoirse dóibh agus cás leochaileachta ar leith, amháil mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas nó riochtaí tromchúiseacha sláinte, daoine LGBTIQ agus náisiúnaigh choigríche, mar aon leis an radacú sna príosúin a chosc.

⁽¹⁵⁾ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

⁽¹⁶⁾ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

⁽¹⁸⁾ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thiomhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

⁽¹⁹⁾ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

⁽²⁰⁾ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnaimh dlí do dhaoine a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

⁽²¹⁾ IO C 378, 24.12.2013, lch. 8.

- (23) Ba cheart coinneáil réamhthrialach a úsáid i gcónaí mar rogha dheireanach bunaithe ar mheasúnú cás ar chás. Ba cheart an raon is leithne is féidir de bhearta nach bhfuil chomh sriantach céanna (bearta malartacha) a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm nuair is féidir. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin nach mbeidh cinní maidir le coinneáil réamhthrialach idirdhealaitheach agus nach ndéanfar iad a fhorchur go huathoibríoch ar dhaoine atá faoi amhras agus ar dhaoine atá cúisithe bunaithe ar shaintréithe áirithe, amhail náisiúntacht eachtrach.
- (24) Tá dálaí coinneála leordhóthanacha bunriachtanach chun cearta agus dínit daoine ar baineadh a saoirse díobh a choimirciú agus chun sárúithe ar an toirmeasc ar chéastóireacht agus cóireáil nó pionós mídhaoimneach nó táireach (drochíde) a chosc.
- (25) Chun caighdeáin choinneála iomchuí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit íosmhéid spáis maireachtála pearsanta a thabhairt do gach duine atá á choinneáil, i gcomhréir leis na moltaí ón gCoiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.
- (26) Nuair a bhaintear an tsaoirse de dhaoine, bíonn siad go háirithe i mbaol foréigin agus drochíde chomh maith le haonrú sóisialta. Chun a sábháilteacht a áirithiú agus chun tacú lena n-athimeascadh sóisialta, ba cheart go gcuirfí san áireamh i leithdháileadh agus i ndeighilt na ndaoine atá faoi choinneáil difríochtaí i gcórais choinneála agus an gá atá le daoine atá faoi choinneáil a chosaint i gcásanna a bhaineann go háirithe le leochaileacht ó mhí-úsáid.
- (27) Níor cheart do chórais choinneála teorainn mhíchuí a chur le saoirse gluaiseachta na ndaoine atá faoi choinneáil laistigh den tsaoirid choinneála agus lena rochtain ar aclaíocht, spásanna lasmuigh, agus gníomhaíochtaí fiúntacha agus idirghníomhaíocht shóisialta, chun go mbeidh siad in ann a sláinte fhísiciúil agus mheabhrach a chothabháil agus a n-athimeascadh sóisialta a chur chun cinn.
- (28) Is minic a bhíonn rochtain theoranta ar cheartas ag íospartaigh na coireachta a dhéantar faoi choinneáil d'ainneoin oibleagáid na Stát foráil a dhéanamh maidir le leigheasanna éifeachtacha i gcásanna inar sáraíodh a gcearta. I gcomhréir le cuspóirí Straitéis an AE maidir le cearta íospartach (2020-2025), moltar go n-áiritheodh na Ballstáit leigheasanna éifeachtacha ar shárúithe ar chearta na ndaoine atá faoi choinneáil chomh maith le bearta cosanta agus tacaíochta. Ba cheart go mbeadh cúnaimh dlí agus sásraí, maidir le hiarrataí agus gearáin a thíolacadh, inrochtana go héasca, faoi rún agus éifeachtach.
- (29) Ba cheart do na Ballstáit riachtanais speisialta grúpaí áirithe daoine atá faoi choinneáil a chur san áireamh, lena n-áirítear mná, leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas nó faoi dhálaí tromchúiseacha sláinte, LGBTIQ, daoine ó chúlra ciníoch nó eitneach mionlaigh agus náisiúnaigh choigríche, i ngach cinneadh a bhaineann lena gcoinneáil. Go háirithe, nuair a choinnítear leanaí, ní mór leas an linbh a bheith ar an airdeall i gcónaí.
- (30) Maidir le ciontóirí sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha, ba cheart do na Ballstáit bearta éifeachtacha a dhéanamh chun an radacú i bpríosúin a chosc, agus chun straitéisí athshlánú agus athimeascacha a chur chun feidhme i bhfianaise an riosca a bhaineann le ciontóirí sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha nó le ciontóirí a radacaítear agus iad i bpríosúin, agus go scaoilfear roinnt de na ciontóirí sin laistigh de thréimhse ghearr ama.
- (31) Ní thugtar ach forléargas ar na caighdeáin roghnaithe sa Mholadh seo agus ba cheart é a mheas i bhfianaise na treorach níos mionsonraithe a chuirtear ar fáil i gcaighdeáin Chomhairle na hEorpa agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, agus gan dochar dóibh. Tá sé gan dochar do dhlí an Aontais atá ann cheana agus don fhorbairt a dhéanfar air sa todhchaí. Tá sé gan dochar freisin don fhorléiriú údarásach ar dhlí an Aontais a fhéadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thabhairt.
- (32) Ba cheart go n-éascófaí leis an Moladh seo freisin forghníomhú barántas gabhála Eorpach faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB mar aon le haithint breithiúnas agus forghníomhú pianbhreitheanna faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle ⁽²²⁾ maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeáda nó bearta lena mbaineann cailleadh saoirse.

⁽²²⁾ (IO L 327, 5.12.2008, Ich. 27)

- (33) Leis an Moladh seo, urramaítear agus cuirtear chun cinn na cearta bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachann an Moladh seo le meas ar dhínt an duine, an ceart chun saoirse a fháil, an ceart chun saol an teaghlaigh, cearta an linbh, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil chomh maith le toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta a chur chun cinn.
- (34) Ba cheart tagairtí sa Mholadh seo do bhearta iomchuí chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas a thuiscint i bhfianaise na gceart agus na n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit uile ina bpáirtithe iontu. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú, má bhaintear a saoirse de dhaoine faoi mhíchumas in imeachtaí coiriúla, go bhfuil siad, ar bhonn comhionann le daoine eile, i dteideal ráthaíochtaí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus go gcaithfear leo i gcomhréir le cuspóirí agus príonsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear trí chóiríocht réasúnta a sholáthar do riachtanais speisialta agus trí inrochtaineacht a áirithiú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

CUSPÓIR AN MHOLTA

- (1) Leis an Moladh seo, leagtar amach treoir do na Ballstáit bearta éifeachtacha, iomchuí agus comhréireacha a ghlacadh chun cearta gach duine a bhfuil faoi drochamhras nó a bhfuil cúisithe in imeachtaí coiriúla a neartú, i ndáil le cearta níos imeachta daoine atá faoi réir coinníollacha coinneála réamhthrialach agus coinníollacha coinneála ábhartha araon, chun a áirithiú go gcaitear le daoine atá faoi réir cailleadh saoirse le dínt, go seastar lena gcearta bunúsacha agus nach mbaintear a saoirse díobh ach mar rgha dheireanach.
- (2) Leis an Moladh seo, comhdhlúthaítear caighdeáin a bhunaítear faoi bheartais atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le cearta daoine a bhfuil a saoirse bainte díobh mar thoradh ar imeachtaí in ábhair choiriúla, ar caighdeáin iad atá fíor-ábhartha i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla idir na Ballstáit.
- (3) Féadfaidh na Ballstáit síneadh a chur leis an treoir a leagtar amach sa Mholadh seo chun leibhéal cosanta níos airde a sholáthar. Níor cheart go mbeadh leibhéal níos airde cosanta den sórt sin ina gconstaic ar aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha a bhfuil an treoir seo ceaptha a éascú. Níor cheart an leibhéal cosanta a bheith faoi bhun na gcaighdeán dá bhforáiltear leis an gCairt ná le CECD, mar a léirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

SAINMHÍNITHE

- (4) Faoi Moladh seo, ba cheart “coinneáil réamhthrialach” a thuiscint mar aon tréimhse choinneála i gcás duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a ordaíonn údarás breithiúnach agus roimh chiontú. Níor cheart go n-áirítear cailleadh saoirse tosaigh ag póilíní nó ag oifigeach forfheidhmithe dlí (nó ag aon duine eile atá údaraithe amhlaidh gníomhú) chun críocha an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe a cheistiú nó a áirithiú go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le coinneáil réamhthrialach.
- (5) Faoi Moladh seo, ba cheart “bearta malartacha” a thuiscint mar bhearta nach bhfuil chomh sriantach mar mhalairt ar choinneáil.
- (6) Faoi Moladh seo, ba cheart a thuiscint go gcumhdaíonn “duine atá á choinneáil” daoine a bhfuil a saoirse bainte díobh le linn coinneála réamhthrialach agus daoine ciontaithe a bhfuil pianbhreith príosúnachta á cur isteach acu. Ba cheart “saoráid choinneála” a thuiscint mar aon phríosún nó áis eile chun daoine a choinneáil mar a shainmhínítear sa Mholadh seo.
- (7) Faoi Moladh seo, ba cheart “leanbh” a thuiscint mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d’aois.

- (8) Faoin Moladh seo, ba cheart “aosach óg” a thuiscint mar dhuine atá os cionn 18 mbliana d’aois agus faoi bhun 21 bliain d’aois.
- (9) Faoin Moladh seo, ba cheart “daoine faoi mhíchumas” a thuiscint i gcomhréir le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta daoine faoi Mhíchumas go n-áirítear orthu na daoine sin a bhfuil lagú fadtéarmach fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn siad ag plé le bacainní éagsúla, a d’fhéadfadh bac a chur ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

- (10) Níor cheart do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a úsáid ach mar rogha dheireanach. Ba cheart bearta malartacha maidir le coinneáil a roghnú, go háirithe nuair nach bhfuil an cion inphionóis ach le pianbhreith ghearr próisúnachta nó nuair is leanbh an ciontóir.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaitear le daoine atá á gcoinneáil le hurraim agus le dínit agus i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi seach maidir le cearta an duine, lena n-áirítear toirmeasc ar chéastóireacht agus cóireáil nó pionós mídhaonna nó táireach mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus in Airteagal 4 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (12) Moltar do na Ballstáit an choinneáil a bhainistiú ar bhealach a éascóidh athimeascadh sóisialta na ndaoine atá faoi choinneáil, d’fhonn an t-atitimeachas a chosc.
- (13) Ba cheart do na Ballstáit an Moladh seo a chur i bhfeidhm gan idirdhealú d’aon chineál, amhail bunadh ciníoch nó eitneach, dath, gnéas, aois, míchumas, treoshuíomh gnéasach, teanga, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, maoin, breith nó aon stádas eile.

CAIGHDEÁIN ÍOSTA DO CHEARTA NÓS IMEACHTA DAOINE ATÁ FAOI DHROCHAMHRAS AGUS DAOINE CÚISITHE ATÁ FAOI RÉIR COINNEÁIL RÉAMHTHRIALACH

Coinneáil réamhthrialach mar rogha dheireanach agus roghanna eile ar choinneáil

- (14) Níor cheart do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis agus mar rogha dheireanach, agus imthosca sonracha gach cáis ar leith á gcur san áireamh go cuí. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit bearta malartacha a chur i bhfeidhm nuair is féidir.
- (15) Ba cheart do na Ballstáit toimhde a ghlacadh i bhfabhar a scaoilte. Ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar na húdaráis náisiúnta inniúla an dualgas cruthúnais a bheith orthu chun a léiriú gur gá coinneáil réamhthrialach a fhorchur.
- (16) Chun go seachnófar úsáid mhíchuí a bhaint as coinneáil réamhthrialach, ba cheart do na Ballstáit an raon is leithne is féidir de bhearta malartacha a chur ar fáil, amhail na bearta malartacha a luaitear i gCinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar chinntí maidir le bearta maoirseachta mar mhalairt ar choinneáil shealadach ⁽²³⁾.
- (17) D’fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna bearta den sórt sin: (a) gealltanais láithriú os comhair údarais bhreithiúnaigh de réir mar is gá agus nuair is gá, gan cur isteach ar chúrsa an cheartais agus gan gabháil d’iompar áirithe, lena n-áirítear an t-iompar a ghabhann do ghairm nó d’fhostaíocht áirithe; (b) ceanglais chun tuairisciú ar bhonn laethúil nó tréimhsiúil d’údarás breithiúnach, do na póilíní nó d’údarás eile; (c) ceanglais chun glacadh le maoirseacht ag gníomhaireacht arna ceapadh ag an údarás breithiúnach; (d) ceanglais chun a bheith faoi réir faireacháin leictreonaigh; (e) ceanglais chun cónaí ag seoladh sonraithe, fara nó d’éagmais coinníollacha maidir leis na huaireanta an chloig a bheidh le caitheamh ann; (f) ceanglais maidir le gan áiteanna sonraithe nó ceantair

⁽²³⁾ Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 (IO L 294, 11.11.2009, lch. 20).

shonraithe a fhágáil nó dul isteach iontu gan údarás; (g) ceanglais gan freastal do dhaoine sonraithe gan údarás; (h) ceanglais maidir le pasanna nó páipéir aitheantais eile a thabhairt suas; agus (i) ceanglais chun ráthaíochtaí airgeadais nó foirmeacha eile ráthaíochtaí a sholáthar nó a urrú chun triail atá ar feitheamh a dhéanamh.

- (18) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal, i gcás ina socraítear urra airgeadais mar choinníoll lena scaoileadh, go bhfuil an méid sin comhréireach le hacmhainn an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe.

Amhras réasúnach agus forais le haghaidh coinneála réamhthrialach

- (19) Níor cheart do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ach amháin ar bhonn amhras réasúnta, a bunaíodh trí mheasúnú cúramach cás ar chás, go bhfuil an cion atá i gceist déanta ag an duine atá faoi amhras, agus ba cheart dóibh na forais dhlíthiúla maidir le coinneáil réamhthrialach a theorannú go dtí: (a) baol éalaithe; (b) an baol go ndéanfar athchiontú; (c) an baol go gcuirfeadh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe isteach ar chúrsa an cheartais; nó (d) baol bagartha ar an ord poiblí.
- (20) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cinneadh aon riosca bunaithe ar imthosca aonair an cháis, ach ba cheart aird ar leith a thabhairt don mhéid seo a leanas: (a) cineál agus tromchúis an chiona líomhnaithe; (b) an pionós is dóigh a thabhoir ar gcás ciontú; (c) aois, sláinte, carachtar, ciontuithe roimhe sin agus imthosca pearsanta agus sóisialta an duine a bhfuil faoi dhrochamhras, agus go háirithe a naisc leis an bpobal; agus (d) iompar an duine atá faoi dhrochamhras, go háirithe an chaoi ar chomhlíon siad aon oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith forchurtha orthu i gcúrsa imeachtaí coiriúla roimhe seo. I gcás nach náisiúnach de chuid an stáit ina dtoimhdítear go ndearnadh an cion an duine atá faoi amhras, nó nach bhfuil aon nasc eile aige nó aici leis, ní leor sin ann féin chun a mheas go bhfuil baol eitilte ann.
- (21) Moltar do na Ballstáit coinneáil réamhthrialach a fhorchur ar chionta a bhfuil pianbhreith íosta choimeáda 1 bhliain ag gabháil leo, agus ar na cionta sin amháin.

Réasúnú i leith cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach

- (22) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach cinneadh a dhéanann údarás breithiúnach chun coinneáil réamhthrialach a fhorchur, chun coinneáil réamhthrialach den sórt sin a fhadú, nó chun bearta malartacha a fhorchur cuí-réasúnaithe agus go bhfuil bonn cirt leis agus go dtagraítear d'imthosca sonracha an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe agus lena dtugtar údar maith lena gcoinneáil. Ba cheart cóip den chinneadh a chur ar fáil don duine dá ndéantar difear, agus ba cheart go n-áireofaí sa chóip sin na cúiseanna a meastar nach bhfuil roghanna eile seachas coinneáil réamhthrialach cuí.

Athbhreithniú tréimhsiúil ar choinneáil réamhthrialach

- (23) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh údarás breithiúnach athbhreithniú tréimhsiúil ar bhailíocht leanúnach na bhforas ar a gcoimeádtar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe faoi choinneáil réamhthrialach. A luaithe nach ann a thuilleadh do na forais leis an duine a choinneáil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go scaoilfead saor an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe gan moill mhíchúí.
- (24) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil ar chinntí coinneála réamhthrialach a thionscnamh arna iarraidh sin ag an chosantóir nó, *ex officio*, ag an údarás breithiúnach.
- (25) Ba cheart do na Ballstáit, i bprionsabal, an t-eatramh idir na hathbhreithnithe a theorannú d'uasmhéid 1 mhí amháin, ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé de cheart ag an duine atá faoi amhras nó ag an duine atá cúisithe iarratas ar scaoileadh a thíolacadh, aon tráth, agus cinneadh a fháil ar an iarratas seo gan moill mhíchúí.

Éisteacht an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe

- (26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-éistfead duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe go pearsanta nó trí ionadaí dlíthiúil trí éisteacht sáraíochta ó bhéal os comhair an údarás bhreithiúnaigh inniúil a dhéanann cinneadh maidir le coinneáil réamhthrialach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cinntí maidir le coinneáil réamhthrialach gan moill mhíchúí.

- (27) Ba cheart do na Ballstáit seasamh le ceart an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe chun trialach laistigh de thréimhse ama réasúnach. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaitear mar ábhar práinne le cásanna inar forchuireadh coinneáil réamhthrialach agus le dícheall cuí.

Leigheasanna éifeachtacha agus an ceart achomharc a dhéanamh

- (28) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go rachaidh daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe agus a bhfuil a saoirse bainte díobh i muinín imeachtaí os comhair cúirte atá inniúil ar dhlíthiúlacht a gcoinneála a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, go n-ordófar iad a scaoileadh.
- (29) Ba cheart do na Ballstáit an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh den sórt sin a thabhairt do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe atá faoi réir cinnidh maidir le coinneáil réamhthrialach agus iad a chur ar an eolas faoin gceart sin nuair a dhéantar an cinneadh.

Fad na coinneála réamhthrialach

- (30) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh fad na coinneála réamhthrialach thar an bpionós a fhéadfar a fhorchur i leith an chiona lena mbaineann, agus nach mbeidh sé díréireach leis an bpionós sin.
- (31) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil fad na coinneála réamhthrialach a fhorchuirtear ag teacht salach ar an gceart atá ag duine atá á choinneáil chun trialach laistigh de thréimhse réasúnta ama.
- (32) Ba cheart do na Ballstáit a mheas na cásanna a bhaineann le duine atá faoi réir coinneáil réamhthrialach mar chásanna tosaíochta.

An t-am a caitheadh i gcoinneáil réamhthrialach a bhaint den phianbhreith deiridh

- (33) Ba cheart do na Ballstáit aon tréimhse choinneála réamhthrialach a asbhaint roimh chiontú, lena n-áirítear nuair a dhéantar í a fhorfheidhmiú trí bhearta malartacha, ó fhad aon phianbhreithe príosúnachta a ghearrtar ina dhiaidh sin.

CAIGHDEÁIN ÍOSTA LE HAGHAIDH COINNÍOLLACHA ÁBHARtha COINNEÁLA

Lóistín

- (34) Ba cheart do na Ballstáit íosmhéid d'achar dromchla 6 m² ar a laghad a shannadh do gach duine atá faoi choinneáil i gceillíní aonair agus 4 m² i gceillíní iláitithe. Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go bhfuil an dearbhspás pearsanta íosta atá ar fáil do gach duine atá á choinneáil, lena n-áirítear daoine atá á gcoinneáil i gceillín iláitithe, comhionann le 3 m² achar dromchla ar a laghad in aghaidh an duine atá á choinneáil. Má bhíonn an spás pearsanta atá ar fáil do dhuine atá á choinneáil faoi bhun 3 m², tagann toimhde láidir chun cinn maidir le sárú ar Airteagal 3 de CECD. Ba cheart an limistéar ina bhfuil troscán ach nach bhfuil áiseanna sláintíochta ann a áireamh i ríomh an spáis atá ar fáil.
- (35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú maidir le haon laghdú eisceachtúil ar an achar dromchla íosta iomlán in aghaidh an duine atá á choinneáil, mar atá 3 m², go bhfuil an laghdú sin gearr, ócáideach, beag agus go bhfuil saoirse gluaiseachta leordhóthanach lasmuigh den chillín agus gníomhaíochtaí iomchuí lasmuigh den chillín ag gabháil leis. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcásanna den sórt sin, gur iomchuí na coinníollacha ginearálta coinneála ag an tsaoráid agus nach ann d'aon fhachtóirí géaraitheacha eile i gcoinníollacha coinneála an duine lena mbaineann, amhail easnaimh eile sna híoscheanglais struchtúracha le haghaidh cillín nó saoráidí sláintíochta.
- (36) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go mbeidh rochtain ag daoine atá á gcoinneáil ar sholas nádúrtha agus ar aer úr ina gceillín.

Leithdháileadh

- (37) Moltar do na Ballstáit agus, i gcás leanaí, ba cheart dóibh a áirithiú, a mhéid is féidir, go ndéanfaidh siad daoine atá á gcoinneáil a leithdháileadh ar shaoráidí coinneála atá gar dá mbaile nó ar áiteanna eile atá oiriúnach chun críche a n-athshlánú shóisialta.

- (38) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcoimeádfar daoine a cuireadh faoi choinneáil roimh an triail ar leithligh ó dhaoine ciontaithe atá á choinneáil. Ba chóir mná a choinneáil ar leithligh ó fhir. Níor chóir leanaí a choinneáil le daoine fásta, ach amháin má mheastar go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh é sin a dhéanamh.
- (39) Nuair a bhaineann leanbh atá á choinneáil 18 mbliana d'aois amach agus, i gcás inarb iomchuí, do dhaoine fásta óga faoi bhun 21 bhliain d'aois, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht leanúint den duine sin a choinneáil ar leithligh ó dhaoine fásta eile atá á gcoinneáil i gcás ina bhfuil údar leis sin, agus aird á tabhairt ar dhálaí an duine lena mbaineann agus ar choinníoll go bhfuil sé sin ag teacht le barrleas leanaí atá á gcoinneáil leis an duine sin.

Dálaí sláinteachas agus sláintíochta

- (40) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil saoráidí sláintíochta inrochtana i gcónaí agus go dtugann siad príobháideacht leordhóthanach do dhaoine atá á choinneáil, lena n-áirítear deighilt éifeachtach struchtúrach idir spásanna maireachtála i gcillíní iláitithe.
- (41) Ba cheart do na Ballstáit bearta éifeachtacha a bhunú chun dea-chaighdeán sláinteachais a chothabháil trí dhíghalrú agus toiríú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear táirgí sláintíochta bunúsacha, lena n-áirítear tuáillí sláinteachais, ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil agus go mbeidh uisce te agus uisce reatha ar fáil i gcillíní.
- (42) Ba cheart do na Ballstáit éadach glan agus éadaí leapa glana iomchuí a chur ar fáil do dhaoine atá á choinneáil, agus ba cheart dóibh na modhanna a chur ar fáil chun na hearraí sin a choinneáil glan.

Cothú

- (43) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear bia ar fáil atá leordhóthanach ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de chun riachtanais chothaitheacha an duine atá á choinneáil a chomhlíonadh agus go ndéantar bia a ullmhú agus a riar faoi dhálaí sláinteachais. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a ráthú go bhfuil uisce glan óil ar fáil do dhaoine atá á choinneáil i gcónaí.
- (44) Ba cheart do na Ballstáit aiste bia cothaitheach a chur ar fáil do dhaoine atá á choinneáil, ar aiste bia é ina gcuirfear san áireamh aois, míchumas, sláinte, riocht fisiceach, reiligiún, cultúr agus cineál a gcuid oibre.

Am caite lasmuigh den chillín agus amuigh faoin aer

- (45) Ba cheart do na Ballstáit ligean do dhaoine atá á choinneáil aclaíocht a dhéanamh faoin aer ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae agus ba cheart dóibh áiseanna agus trealamh fairsinge agus iomchuí a chur ar fáil chun na críche sin.
- (46) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú do dhaoine atá á choinneáil méid réasúnach ama a chaitheamh lasmuigh dá gcillíní chun dul i mbun oibre, oideachais agus gníomhaíochtaí áineasa de réir mar is gá le haghaidh leibhéal iomchuí idirghníomhaíochta daonna agus sóisialta. Chun cosc a chur ar shárú ar an toirmeasc ar chéastóireacht agus cóireáil nó pionós mídhonna nó táireach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil aon eisceachtaí ón riail seo i gcomhthéacs córais agus bearta slándála speisialta, lena n-áirítear gaibhniú aonair, riachtanach agus comhréireach.

Obair agus oideachas na ndaoine atá á gcoinneáil chun a n-athimeascadh sóisialta a chur chun cinn

- (47) Ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in athshlánú sóisialta na ndaoine atá á gcoinneáil, agus a riachtanais aonair á gcur san áireamh acu. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le hobair de chineál úsáideach, a bhfuil luach saothair ag dul léi, a chur ar fáil. D'fhonn athimeascadh rathúil an duine atá á choinneáil sa tsochaí agus i margadh an tsaothair a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt d'obair a bhaineann le gairmoiliúint.
- (48) Chun cuidiú le daoine atá á gcoinneáil ullmhú dá scoileadh agus chun a n-athimeascadh sa tsochaí a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine atá á choinneáil ar chláir oideachais atá sábháilte, cuimsitheach agus inrochtana (lena n-áirítear cianfhoghlaim) a fhreastalaíonn ar a riachtanais aonair agus a mianta á gcur san áireamh ag an am céanna.

Cúram Sláinte

- (49) Ba cheart do na Ballstáit a ráthú go mbeidh rochtain go tráthúil ag na daoine atá á gcoinneáil ar an gcúnamh leighis, lena n-áirítear cúnamh síceolaíoch, a theastaíonn uathu chun a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach a chothabháil. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann cúram sláinte i saoráidí coinneála na caighdeán chéanna a sholáthraíonn an córas sláinte poiblí náisiúnta, lena n-áirítear maidir le cóireáil shíciatrach.
- (50) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht leighis rialta a chur ar fáil agus ba cheart dóibh vacsaíní agus cláir scagthástála sláinte a spreagadh, lena n-áirítear cláir theagmhálacha (VEID, heipitéas víreasach B agus C, eitinn agus galair gnéas-tarchurtha) agus galair neamh-theagmhálacha (go háirithe scagthástáil ailse), agus diagnóis ina dhiaidh sin agus cóireáil a thionscnamh nuair is gá. Is féidir le cláir oideachais sláinte rannchuidiú le rátaí scagthástála agus litearthacht sláinte a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aird ar leith ar chóireáil le haghaidh daoine atá á gcoinneáil agus a bhfuil andúil i ndrugaí acu, ar ghalair thógálacha a chosc agus a chúram, ar mheabhairshláinte agus ar fhéinmharú a chosc.
- (51) Ba cheart do na Ballstáit a cheangal go ndéanfaí scrúdú leighis gan moill mhíchúí ag tús aon tréimhse ina gcailltear saoirse agus tar éis aon aistrithe.

Foréigean agus drochíde a chosc

- (52) Ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil a áirithiú agus chun aon chineál céastóireachta nó drochíde a chosc. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfuil na daoine atá á gcoinneáil faoi réir foréigin nó drochíde ón bhfoireann sa tsaoráid choinneála agus go gcaitear leo i leith dhínt na ndaoine sin. Ba cheart do na Ballstáit ceangal a chur ar bhaill foirne sa tsaoráid choinneála agus ar na húdaráis inniúla go léir daoine atá á gcoinneáil a chosaint ar fhoréigean nó ar dhrochíde ó dhaoine eile atá á gcoinneáil.
- (53) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar maoirseacht ar chomhlíonadh an dualgais cúraim seo agus ar aon úsáid fornirt ag baill foirne sa tsaoráid choinneála.

Teagmháil leis an saol lasmuigh

- (54) Ba cheart do na Ballstáit ligean do dhaoine atá á gcoinneáil cuairteanna a fháil óna dteaghlaigh agus ó dhaoine eile, amhail ionadaithe dlíthiúla, oibríthe sóisialta agus lia-chleachtóirí. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt freisin do dhaoine atá á gcoinneáil comhfhreagras a dhéanamh faoi shaoirse leis na daoine sin trí litir agus, a mhínic is féidir, ar an teileafón nó trí mhodhanna eile cumarsáide, lena n-áirítear modhanna malartacha cumarsáide do dhaoine faoi mhíchumas.
- (55) Ba cheart do na Ballstáit saoráidí oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar chuariteanna teaghlaigh faoi dhálaí atá oiriúnach do leanaí, atá comhoiriúnach le héilimh na slándála ach nach bhfuil chomh trámach céanna do leanaí. Ba cheart go n-áiríteodh cuairteanna teaghlaigh den sórt sin teagmháil rialta agus bríoch idir baill teaghlaigh.
- (56) Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chumasáid a chumasú trí mheáin dhigiteacha, amhail físglaonna, chun cur ar chumas daoine atá á gcoinneáil, *inter alia*, teagmháil a choinneáil lena dteaghlaigh, iarratas a dhéanamh ar phoist, cúrsaí oiliúna a dhéanamh nó cóiríocht a lorg mar ullmhúchán lena scaoileadh.
- (57) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina bhfuil cosc eisceachtúil ar dhaoine atá á choinneáil cumarsáid a dhéanamh leis an saol lasmuigh, go bhfuil fíorghá le beart sriantach den sórt sin agus go bhfuil sé comhréireach agus nach gcuirtear i bhfeidhm é ar feadh tréimhse fhada.

Cúnamh dlíthiúil

- (58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag na daoine áta á choinneáil ar dhlíodóir.
- (59) Ba cheart do na Ballstáit rúndacht cruinnithe agus cineálacha eile cumarsáide, lena n-áirítear comhfhreagras dlí, idir na daoine atá á gcoinneáil agus a gcomhairleoirí dlí a urramú.

- (60) Ba cheart do na Ballstáit rochtain a thabhairt do dhaoine atá á choinneáil ar dhoiciméid a bhaineann lena n-imeachtaí dlíthiúla, nó cead a thabhairt dóibh na doiciméid sin a choimeád ina seilbh.

Iarrataí agus gearáin

- (61) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na daoine atá á gcoinneáil go léir ar an eolas go soiléir faoi na rialacha is infheidhme ina saoráid choinneála shonrach.
- (62) Ba cheart do na Ballstáit rochtain éifeachtach ar nós imeachta a éascú lena gcuirtear ar chumas daoine atá á gcoinneáil dúshlán oifigiúil a thabhairt maidir le gnéithe dá saol faoi choinneáil. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le daoine atá á gcoinneáil iarratais agus gearáin faoi rún a thíolacadh faoi shaoirse maidir lena gcóireáil, trí shásraí gearáin inmheánacha agus seachtracha araon.
- (63) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go láimhseálann údarás nó binse neamhspleách a bhfuil sé de chumhacht aige gearáin ó na daoine atá á gcoinneáil bearta faoisimh a ordú go pras agus go dícheallach, go háirithe bearta chun deireadh a chur le haon sárú ar an gceart gan a bheith faoi réir chéastóireacht nó cóireáil atá mídhaonna nó táireach.

Bearta speisialta do mhná agus do chailíní

- (64) Ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha fhisiceacha, ghairmiúla, shóisialta agus shíceolaíocha na mban agus na gcailíní, chomh maith le riachtanais sláintíochta agus chúram sláinte, a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear d'aon ghné dá gcoinneáil.
- (65) Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do dhaoine atá á choinneáil leanbh a bheith acu in ospidéal lasmuigh den tsaoráid choinneála. I gcás ina mbéarfear leanbh sa tsaoráid choinneála, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht agus na saoráidí uile is gá a shocrú chun an nasc idir an mháthair agus an leanbh a chosaint agus chun a bhfolláine choirp agus mheabhrach a choimirciú, lena n-áirítear cúram sláinte iomchuí réamhbhreithe agus iarbhreithe.
- (66) Ba cheart do na Ballstáit a cheadú do dhaoine atá á choinneáil a bhfuil leanaí naíonán acu na leanaí sin a choinneáil leo sa tsaoráid choinneála a mhéid a bheidh sé sin comhoiriúnach le leas an linbh. Ba cheart do na Ballstáit cóiríocht speisialta a chur ar fáil agus gach beart réasúnta a dhéanamh a oireann do leanaí chun sláinte agus leas na leanaí lena mbaineann a áirithiú le linn an phianbhreith a chur i bhfeidhm.

Bearta speisialta do náisiúnaigh choigríche

- (67) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain réasúnach ag náisiúnaigh choigríche agus ag daoine eile atá á choinneáil a bhfuil riachtanais áirithe teanga acu ar sheirbhísí gairmiúla ateangaireachta agus ar aistriúcháin ar ábhair scríofa i dteanga a thuigeann siad.
- (68) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear náisiúnaigh choigríche ar an eolas, gan moill mhíchúí, faoina gceart teagmháil a iarraidh, agus go dtabharfar saoráidí réasúnacha dóibh chun cumarsáid a dhéanamh le seirbhís taidhleoireachta nó chonsalach a dtíre náisiúntachta.
- (69) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faisnéis maidir le cúnaimh dlí ar fáil.
- (70) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear náisiúnaigh choigríche ar an eolas faoin bhféidearthacht a iarraidh go n-aistreofaí forghníomhú a mbeart maoirseachta pianbhreithe nó a mbeart maoirseachta réamhthrialach chuig a dtír náisiúntachta nó a dtír bhuanchnaithe, amhail faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB agus Cinneadh Réime 2009/829/CGB.

Bearta speisialta do leanaí agus d'aoisigh óga

- (71) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sárleasanna an linbh ina bpríomhchomaoin i ngach ábhar a bhaineann lena gcoinneáil, agus go gcuirtear a gcearta sonracha agus a riachtanais shonracha san áireamh agus cinntí á ndéanamh a mbíonn tionchar acu ar aon ghné dá gcoinneáil.

- (72) I gcás leanaí, ba cheart do na Ballstáit córas coinneála iomchuí ildisciplíneach a bhunú lena n-áiríteofar agus lena gcaomhnófar a sláinte agus a bhforbairt choirp, mheabhrach agus mhóthúcháinach, a gceart chun oideachais agus oiliúna, feidhmiú éifeachtach agus rialta a gceart chun saol an teaghlaigh, agus a rochtain ar chlár lena gcothaítear a n-ath-imeascadh sa tsochaí.
- (73) Aon úsáid a bhaintear as bearta araonachta, lena n-áirítear gaibhniú aonair, úsáid srianta nó úsáid fornirt, ba cheart í a bheith faoi réir dianriachtanais agus breithnithe comhréireachta.
- (74) I gcás inarb iomchuí, spreagar na Ballstáit chun an córas coinneála d'ógchiontóirí a chur i bhfeidhm ar chiontóirí óga faoi bhun 21 bliain d'aois.

Bearta speisialta do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí sláinte tromchúiseacha orthu

- (75) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear cúram iomchuí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine eile a bhfuil riochtaí tromchúiseacha leighis orthu atá inchomparáide leis an gcúram a chuireann an córas náisiúnta sláinte poiblí ar fáil agus a fhreastalaíonn ar a riachtanais shonracha. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear cúram gairmiúil speisialaithe ar fáil do dhaoine ar diagnóisíodh go raibh fadhbanna meabhairshláinte acu, i gcás ina bhfuil gá leis sin in institiúidí speisialaithe nó i rannáin thiomnaithe den tsaoráid choinneála faoi mhaoirseacht leighis, agus go ndéantar cúram sláinte leanúnach a sholáthar do dhaoine atá á gcoinneáil tráth atá siad á n-ullmhú dá scaoileadh saor, i gcás inar gá.
- (76) Ba cheart do na Ballstáit cúram ar leith a ghlacadh chun freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas nó riochtaí tromchúiseacha leighis maidir le coinníollacha ábhartha coinneála agus córais choinneála agus chun inrochtaineacht na ndaoine sin a áirithiú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin gníomhaíochtaí cuí a sholáthar do na daoine atá á gcoinneáil sin.

Bearta speisialta chun daoine eile atá á choinneáil a bhfuil riachtanais nó leochaileachtaí speisialta acu a chosaint

- (77) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh socrú faoi choinneáil níos measa fós imeallú daoine mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach, a mbunadh ciníoch nó eitneach nó a gcreideamh reiligiúnach nó ar bhonn aon fhorais eile.
- (78) Ba cheart do na Ballstáit gach beart réasúnach a dhéanamh chun cosc a chur ar fhoréigean nó ar dhrochíde eile, amháil mí-úsáid fhísiciúil, mheabhrach nó ghnéasach, i gcoinne daoine mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach, a mbunadh ciníoch nó eitneach, a gcreideamh nó ar bhonn aon fhorais eile ag baill foirne sa tsaoráid choinneála nó ag daoine eile atá á choinneáil. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear bearta cosanta speisialta i bhfeidhm i gcás ina bhfuil baol foréigin nó drochíde den sórt sin ann.

Cigireachtaí agus faireachán

- (79) Ba cheart do na Ballstáit cigireachtaí rialta ag údarás neamhspleách a éascú chun a mheas an bhfuil saoráidí coinneála á riar i gcomhréir le ceanglais an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit rochtain gan bhac a thabhairt don Choiste chun Céastóireacht agus Cóireáil nó Pionós Mídhaonna nó Táireach a Chosc agus don líonra Sásraí Náisiúnta Coisctheacha.
- (80) Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar shaoráidí coinneála a dheonú do pharlaiminteoirí náisiúnta agus moltar dóibh rochtain den chineál céanna a thabhairt d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa.
- (81) Ba cheart do na Ballstáit cuimhneamh freisin ar chuariteanna rialta ar shaoráidí coinneála agus ar ionaid choinneála eile a eagrú do bhreithiúna, d'ionchúisitheoirí agus do dhlíodóirí cosanta mar chuid dá n-oiliúint bhreithiúnach.

Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an radacú i bpríosúin

- (82) Moltar do na Ballstáit measúnú riosca tosaigh a dhéanamh chun an córas coinneála iomchuí a chinneadh is infheidhme maidir le daoine atá faoi dhrochamhras nó atá ciontaithe i gcionta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha.

- (83) Bunaithe ar an measúnú riosca seo, féadfar na daoine atá á gcoinneáil seo a chur le céile i sciathán sceimhlitheoireachta ar leith nó iad a scaipeadh i measc an ghnáthphobail phríosúin. Sa chás deireanach sin, ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar dhaoine aonair den sórt sin teagmháil dhíreach a bheith acu le daoine atá á gcoinneáil i gcásanna lena mbaineann leochaileacht áirithe maidir le coinneáil.
- (84) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh lucht riaracháin na bpríosún tuilleadh measúnuithe riosca ar bhonn rialta (ag tús na coinneála, le linn na coinneála agus sula scaoilfear saor daoine atá faoi dhrochamhras nó atá ciontaithe i gcionta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha).
- (85) Spreagtar na Ballstáit chun oiliúint feasachta ginearálta a sholáthar do gach ball foirne, agus oiliúint a sholáthar do bhail foirne speisialaithe, chun comharthaí radacaith a aithint go luath. Ba cheart do na Ballstáit smaoinemh freisin ar líon iomchuí séiplíneach príosúin dea-oilte a chur ar fáil a dhéanann ionadaíocht ar reiligiúin éagsúla.
- (86) Ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun feidhme lena bhforálfar do chlár don athshlánú, don díradacú agus don dícheangal i bpríosún, mar ullmhúchán don scaoileadh saor, agus do chlár tar éis a scaoilte chun ath-imeascadh na ndaoine arna gciontú i gcionta sceimhlitheoireachta agus i gcionta antoisceacha foréigneacha a chur chun cinn.

FAIREACHÁN

- (87) Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an méid a dhéanfaidh siad i ndáil leis an Moladh seo laistigh de 18 mhí ó dháta a ghlactha. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, ba cheart don Choimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a dhéanann na Ballstáit agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 24 mhí tar éis ghlacadh an Mholta seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

Didier REYNDERS

Comhalta den Choimisiún

MOLADH (AE) 2023/682 ÓN gCOIMISIÚN**an 16 Márta 2023****mairir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh agus le dlús a chur le fillteacha agus Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur chun feidhme**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ceanglaítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit cúnaimh a thabhairt dá chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, chun na cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí a dhéanamh.
- (2) Le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ leagtar síos caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.
- (3) An 12 Meán Fómhair 2018 thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athmhúnlú a dhéanamh ar Threoir 2008/115/CE chun fad nósanna imeachta um fhilleadh a laghdú, nasc níos fearr a áirithiú idir nósanna imeachta um thearmann agus um fhilleadh agus a áirithiú go mbainfí úsáid níos éifeachtaí as bearta chun éalú a chosc, agus urraim do chearta bunúsacha arna gcumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) á háirithiú an tráth céanna.
- (4) Is é is aidhm don Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann ⁽²⁾ córas AE coiteann maidir le fillteacha a bhunú lena gcomhcheanglaítear struchtúir níos láidre laistigh den Aontas agus comhar níos éifeachtaí le tríú tíortha maidir le fillteadh agus athlígian isteach, mar chuid de chur chuige cuimsitheach i ndáil le bainistiú imirce. Leis an gcur chuige sin tugtar le chéile gach beartas i réimse na himirce, an tearmainn, an imeasctha agus an bhainistithe teorainneacha, agus aithnítear ann go mbraitheann an éifeachtacht fhoriomlán ar dhul chun cinn i ngach réimse. Próiseas imirce rianúil níos gasta agus rialachas níos láidre ar bheartais imirce agus teorann, comhar le tríú tíortha lena n-áirítear cur chun feidhme chomhaontuithe agus shocruithe an Aontais um athlígian isteach, agus córais nua-aimseartha TF agus tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais mar bhonn agus mar thaca leo, cothóidh siad próiseas níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe um fhilleadh.
- (5) Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtábhacht go comhsheasmhach a thábhachtaí atá sé beartas aontaithe, cuimsitheach agus éifeachtach a bheith ag an Aontas maidir le fillteadh agus athlígian isteach agus iarrann sí gníomhaíocht ghasta chun fillteacha éifeachtacha ón Aontas a áirithiú trí dhlús a chur le nósanna imeachta um fhilleadh. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit chomh maith cinntí a chéile um fhilleadh a aithint ⁽³⁾.
- (6) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2021 dar teideal *Enhancing cooperation on return and readmission as part of a fair, effective and comprehensive EU migration policy* [Feabhas a chur ar an gcomhar maidir le fillteadh agus athlígian isteach mar chuid de bheartas imirce cóir, éifeachtach agus cuimsitheach an Aontais] ⁽⁴⁾ aithníodh na bacainní a chuireann isteach ar an bhfillteadh éifeachtach agus tugadh le fios gur gá, chun iad a shárú, nósanna imeachta feabhsaithe a bheith ann a laghdaíonn ilroinnt na gcineálacha cur chuige náisiúnta, chomh maith le comhar níos dlúithe agus dlúthpháirtíocht atreisithe idir na Ballstáit uile. Le Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus leis an bhfaisnéis arna bailiú trí Ghréasán Imirce na hEorpa ⁽⁶⁾ arna bhunú le Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle, bhíothas in ann measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit beartas an Aontais um fhilleadh chun feidhme agus bearnaí agus bacainní atá ann faoi láthair a shainiú.

⁽¹⁾ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

⁽²⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann (COM(2020) 609 final).

⁽³⁾ Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, 1/23.

⁽⁴⁾ COM(2021) 56 final.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle an 14 Bealtaine 2008 lena mbunaítear Gréasán Imirce na hEorpa (IO L 131, 21.5.2008, lch. 7).

- (7) I bhfianaise na ndúshlán leanúnach i réimse an fhilte, agus go dtí go dtabharfaí i gcrích an chaibidlíocht reachtach, go háirithe maidir leis an togra le haghaidh athmhúnlú a dhéanamh ar Threoir 2008/115/CE, moltar gníomhaíochtaí breise chun tuilleadh feabhais a chur ar chur i bhfeidhm éifeachtach éifeachtúil an chreata dhlíthiúil atá ann cheana.
- (8) Maidir le Moladh (AE) 2017/432 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾ ina moltar tacar bearta agus gníomhaíochtaí chun fillteacha a dhéanamh níos éifeachtaí agus Treoir 2008/115/CE á chur chun feidhme, tá sé bailí go fóill agus ba cheart go leanfaidh sé de na Ballstáit a threorú le haghaidh próiseas níos tapa um fhilleadh. Ionchorpraíodh Moladh (AE) 2017/432 i Moladh (AE) 2017/2338 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, rud lenar féidir measúnú leanúnach a dhéanamh ar a chur chun feidhme mar chuid de Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen.
- (9) Mar chéim aistir i dtreo córais AE choitinn maidir le fillteacha, is féidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh an próiseas um fhilleadh a éascú agus a luathú le haghaidh an Bhallstáit atá freagrach as fhilleadh, sin agus cur leis an gcomhar agus leis an muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit chun an cóineasú idir na Ballstáit maidir le bainistiú imirce a mhéadú a thuilleadh. Aitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh a eisíodh roimhe i mBallstáit eile, féadfaidh sé rannchuidiú le himirce neamhrialta a dhíspreagadh freisin, mar aon le gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraíthe laistigh den Aontas a dhíspreagadh. Le Treoir 2001/40/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾ leagtar amach creat le haghaidh aitheantas frithpháirteach. Rinneadh an creat sin a chomhlánú le Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ lena leagtar amach na critéir agus na socruithe praiticiúla chun na míchothromaíochtaí airgeadais a chúiteamh ar toradh iad ar chur i bhfeidhm Threoir 2001/40/CE, rud a bhí ann roimh chuid mhaith den tacaíocht a forbraíodh ó shin ar leibhéal an Aontais. Dul chun cinn maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh, ba cheart é a chur san áireamh sa phlé leanúnach maidir leis an togra ón gCoimisiún athmhúnlú a dhéanamh ar Threoir 2008/115/CE.
- (10) An easpa córas uile-Aontais a thugann le fios an bhfuil náisiúnach tríú tír atá gafa faoi réir cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile, chuir sé isteach ar an iontaoibh aitheantais fhrithpháirtigh roimhe seo.
- (11) Ó bhí an 7 Márta 2023 ann, tráth a tháinig Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾ i bhfeidhm, ceanglaítear ar na Ballstáit foláireamh maidir le fillteacha a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen gan mhoill tar éis cinneadh um fhilleadh a eisíúint. Le Córas Faisnéise Schengen, anois tá na Ballstáit in ann a fheiceáil láithreach an bhfuil náisiúnach tríú tír atá gafa ag an údarás inniúil faoi réir cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile cheana féin.
- (12) Braitheann breisluach an ghné nua sin de Chóras Faisnéise Schengen ar úsáid ghníomhach foláireamh maidir le fillteacha agus ar mheasúnú leantach iomchuí orthu, lena n-áirítear trí bhíthin aitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh a d'eisigh Ballstáit eile roimhe. Féadfaidh sé sin dlús suntasach a chur leis an bpróiseas um fhilleadh agus é a dhéanamh níos éifeachtaí, go háirithe nuair is féidir an fillteacha a fhorfheidhmiú láithreach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an tréimhse le haghaidh imeacht deonach a dheonaítear sa chinneadh um fhilleadh leis an mBallstát eisíúna imithe in éag agus i gcás inar baineadh úsáid as na leigheasanna ar fad in aghaidh cinneadh den sórt sin um fhilleadh.
- (13) Tacóidh cistiú tiomanta faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ⁽¹²⁾ le cur chun feidhme an Mholta seo agus, go háirithe, le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh idir na Ballstáit. Thairis sin, ba cheart tacaíocht phraiticiúil agus oibríochtúil le Gníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais Eorpaigh a sholáthar i gcur chun feidhm an mholta seo.

⁽⁷⁾ Moladh (AE) 2017/432 ón gCoimisiún an 7 Márta 2017 maidir le fillteacha a dhéanamh níos éifeachtaí agus Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chur chun feidhme (IO L 66, 11.3.2017, lch. 15).

⁽⁸⁾ Moladh (AE) 2017/2338 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2017 lena mbunaítear lámhleabhar coiteann dar teideal 'Lámhleabhar maidir le Filleadh' a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát agus cúraimí a bhaineann le fillteacha á gcur i gcrích acu (IO L 339, 19.12.2017, lch. 83).

⁽⁹⁾ Treoir 2001/40/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a dhíbirt (IO L 149, 2.6.2001, lch. 34).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle an 23 Feabhra 2004 lena leagtar amach na critéir agus na socruithe praiticiúla chun na míchothromaíochtaí airgeadais a chúiteamh ar toradh iad ar chur i bhfeidhm Threoir 2001/40/CE ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a dhíbirt (IO L 60, 27.2.2004, lch. 55).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

- (14) Bacainní ar an gcomhar agus ar an gcumarsáid idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as na nósanna imeachta um thearmann agus um fhilleadh, is dúshlán struchtúrach tábhachtach iad roimh phróiseas níos éifeachtúla um fhilleadh. Ba cheart do gach údarás inniúil sna Ballstáit atá rannpháirteach sna céimeanna éagsúla den phróiseas um fhilleadh oibriú agus dul i gcomhar go dlúth le chéile.
- (15) Naisc níos dlúithe idir na nósanna imeachta um thearmann agus um fhilleadh agus nósanna imeachta gasta ag teorainneacha seachtracha na mBallstát, is féidir leo éifeachtúlacht na bhfillteacha a mhéadú go suntasach. I gcás nach bhfuil an maolú ar chur i bhfeidhm Threoir 2008/115/CE ar bhonn Airteagal 2(2)(a) infheidhme, is gá dlús a chur, laistigh den chreat reachtach atá ann faoi láthair, go háirithe le fillleadh éifeachtach na náisiúnach tríú tír sin ar diúltaíodh dá n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus le láimhseáil cásanna i ngarchomharsanacht teorainn sheachtrach na mBallstát, trí phróiseas níos tapa um fhilleadh ar choinníoll go n-áirithítear urraim dá gcearta bunúsacha le linn an phróisis iomláin um fhilleadh.
- (16) Le hAirteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/1860 déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht gan foláireamh maidir le fillleadh a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen i gcás ina n-eisítear an cinneadh um fhilleadh ag teorainn sheachtrach Ballstáit agus ina bhforghníomhtar láithreach é. Mar sin féin, le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1860 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go n-iontráiltear foláirimh gan mhoill i gCóras Faisnéise Schengen i gcás nach ndearnadh an fillleadh a fhorghníomhú láithreach ó na teorainneacha seachtracha.
- (17) D'fhonn fillteacha deonacha a dhreasú agus a spreagadh, d'fhéadfaí na féidearthachtaí a chuireann Treoir 2008/115/CE ar fáil a úsáid chun cuimhneamh ar staonadh ó thoirmeasc ar dhul isteach a eisiúint i leith náisiúnach tríú tír a chomhoibríonn leis na húdaráis agus atá rannpháirteach i gclár um fhilleadh deonach cuidithe agus ath-imeascadh, gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 11(1) de Threoir 2008/115/CE. Sna cásanna sin, tá na Ballstáit le síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh imeacht deonach mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Threoir 2008/115/CE.
- (18) Tá sé fíor-riachtanach go ndéantar éalú agus gluaiseachtaí neamhúdaráithe laistigh den Aontas a chosc chun éifeachtacht an chórais AE choitinn maidir le fillteacha a áirithiú. Tá gá le cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear na príomhuirlisí chun measúnú a dhéanamh ar an riosca um éalú agus chun an riosca sin a chosc, chun an measúnú ar an riosca sin i gcásanna aonair a éascú agus a chuíchóiriú, chun úsáid roghanna malartacha éifeachtúla eile seachas coinneáil a neartú, agus chun acmhainneacht choinneála leordhóthanach a áirithiú i gcás ina n-úsáidtear an choinneáil mar bheart na rogha deiridh agus le haghaidh na tréimhse is gairide agus is gá i gcomhréir le hAirteagal 15 de Treoir 2008/115/CE.
- (19) Tá tacaíocht ar leibhéal an Aontais ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an Mholta seo, lena n-áirítear ó Chomhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh agus ón Líonra Ardleibhéil um Fhilleadh faoi threoir straitéis oibríochtúil i gcomhair fillteacha. Tá tacaíocht oibríochtúil ar fáil chomh maith trí Ghníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais, go háirithe Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.
- (20) Is cuid den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, atá freagrach as cur chun feidhme éifeachtach an Bhainistithe Comhtháite Teorainneacha san Eoraip a áirithiú iad údaráis náisiúnta um fhilleadh. Tá ról lárnach ag Frontex mar eite oibríochtúil an chórais AE choitinn maidir le fillteacha agus tugann sé cúnamh do na Ballstáit ag gach céim den phróiseas um fhilleadh faoina shainordú de bhun Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾.
- (21) Ba cheart an Moladh seo a dhíriú ar gach Ballstát atá faoi cheangal ag Treoir 2008/115/CE.
- (22) Moltar do na Ballstáit treoir a thabhairt dá n-údarás náisiúnta atá inniúil ar chúraimí a bhaineann le fillleadh an Moladh seo a chur i bhfeidhm agus a ndualgais á ndéanamh acu.
- (23) Comhlíonann an Moladh seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear leis an gCairt. Go háirithe, áirithíonn an Moladh seo meas iomlán ar dhínt an duine agus ar chur i bhfeidhm Airteagail 1, 4, 14, 18, 19, 21, 24 agus 47 den Chairt agus ní mór é a chur chun feidhme dá réir sin.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Aitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh

- (1) D'fhonn an próiseas um fhilleadh a éascú agus a luathú, ba cheart don Bhallstát atá freagrach as náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'aon chinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile don duine céanna roimhe sin seachas má cuireadh éifeacht an chinnidh sin um fhilleadh ar fionraí. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit:
 - (a) úsáid iomlán a bhaint as faisnéis a chomhroinntear trí fholáirimh maidir le fillleadh i gCóras Faisnéise Schengen a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1860;
 - (b) a áirithiú go bhfuil méarloirg ar fáil lena gcuimsiú i bhfoláireamh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860;
 - (c) a fhíorú go córasach i gcóras uathoibríthe um shainnithint méarlorg Chóras Faisnéise Schengen an bhfuil náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach faoi réir foláireamh maidir le fillleadh i gCóras Faisnéise Schengen;
 - (d) a áirithiú go bhfuil dlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as fillleadh agus an Biúró SIRENE náisiúnta i bhfianaise a ról arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ agus a ról i malartú faisnéise de bhun Rialachán (AE) 2018/1860;
 - (e) dul i gcomhar le chéile agus faisnéis fhorlíontach a mhalartú, i gcás inar gá, chun aithint agus forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh a éascú;
 - (f) scrúdú a dhéanamh ar chás an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann tar éis éisteach leis an duine sin chun comhlíonadh an dlí náisiúnta agus Airteagal 5 de Threoir 2008/115/CE a áirithiú, sula ndéanfar cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile a aithint agus sula ndéanfar baint. I gcás leanaí go háirithe, ba cheart don Bhallstát forfheidhmiúcháin a áirithiú go dtabharfar aird chúí ar shárleasanna an linbh;
 - (g) an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a chur ar an eolas i scríbhinn go n-aithnítear an cinneadh um fhilleadh a d'eisigh Ballstát eile a bhfuil an duine sin faoina réir. San fhógra, ba cheart na cúiseanna sna fíorais agus sa dlí a thugtar sa chinneadh um fhilleadh a athlua agus ba cheart faisnéis a sholáthar maidir leis na leigheasanna dlí atá ar fáil;
 - (h) an Ballstát eisiúna a chur ar an eolas láithreach faoi bhaint an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, chun gur féidir leis an mBallstát eisiúna sin Córas Faisnéise Schengen a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1861.

Dlús a chur le fillteacha

- (2) D'fhonn dlús a chur le nósanna imeachta um fhilleadh, ba cheart do na Ballstáit comhar láidir a chur ar bun idir na húdaráis atá freagrach as na cinntí a chuireann deireadh le fanacht dlíthiúil agus iad siúd atá freagrach as cinntí um fhilleadh a eisiúint, lena n-áirítear malartú tráthrialta faisnéise agus comhar oibríochtúil, bunaithe ar an gcur chuige comhtháite comhordaithe a mholtar i Moladh (AE) 2017/432.
- (3) D'fhonn infhaighteacht phrapúil faisnéise maidir le céannacht agus staid dhlíthiúil náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh, faisnéis a bhfuil gá léi chun faireachán a dhéanamh ar chásanna aonair agus chun obair leantach a dhéanamh orthu, agus d'fhonn pictiúr de dhálaí náisiúnta maidir le fillleadh a chur ar bun agus a choinneáil ar bun, iarrtar ar na Ballstáit córas cuimsitheach TF bainistithe cásanna um fhilleadh a chur ar bun, gan mhoill, bunaithe ar an múnla a d'fhorbair Frontex de bhun Airteagal 48(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/1896. Ba cheart do na Ballstáit úsáid iomlán a bhaint freisin as na Córais Bainistithe Cásanna um Athligean Isteach a cuireadh i bhfeidhm chun cur chun feidhme comhaontuithe nó socruithe um athligean isteach le tríú tíortha a chothú.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

- (4) Chun a áirithiú go ndéanfar nósanna imeachta um fhilleadh go tapa i ndiaidh cinneadh diúltú d'iaratas ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart do na Ballstáit:
- (a) cainéal díreach caighdeánach cumarsáide idir na húdaráis um thearmann agus um fhilleadh a chur ar bun le haghaidh comhordú réidh idir an dá phróiseas;
 - (b) cinneadh um fhilleadh agus cinneadh diúltú d'iaratas ar chosaint idirnáisiúnta a eisiúint san acht céanna, nó in achtanna ar leithligh an tráth céanna nó go díreach ina dhiaidh sin, agus an úsáid is fearr á baint as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 6(6) de Threoir 2008/115/CE;
 - (c) foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht achomhairc a thaisceadh in aghaidh an chinnidh diúltú don iaratas ar chosaint idirnáisiúnta agus an chinnidh um fhilleadh an tráth céanna leis an gcúirt nó an binse céanna, nó maidir leis an bhféidearthacht achomhairc a dhéanamh in aghaidh an dá chinneadh laistigh den tréimhse céanna ama;
 - (d) foráil a dhéanamh maidir le forghníomhú cinntí um fhilleadh a chur ar fionraí go huathoibríoch le linn nós imeachta achomhairc ach a mhéid go bhfuil gá leis sin chun Airteagal 19(2) agus Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh;
 - (e) céimeanna a ghlacadh chun a áirithiú gur féidir leigheas a fheidhmiú ó thríú tír, go háirithe trí ionadaíocht iomchuí dlí agus trí úsáid a bhaint as uirlisí nuálacha amhail uirlisí físchomhdhála, ar choinníoll go gcomhlíontar an ceart chun leigheas éifeachtach mar aon le hAirteagal 5 de Threoir 2008/115/CE.
- (5) Chun fillteacha níos tapa i ngarchomharsanacht na dteorainneacha seachtracha a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit:
- (a) foirne soghluaiste tacaíochta a chur i bhfeidhm a tharraingíonn le chéile na húdaráis inniúla uile maidir le fillleadh deonach agus éigeantach agus na seirbhísí tacaíochta ábhartha, lena n-áirítear ateangairí, seirbhísí sláinte, comhairle dlí agus oibríthe sóisialta;
 - (b) saoráidí leormhaithe a chur ar bun (go háirithe do leanaí agus teaghlaigh) i ngarchomharsanacht an limistéir teorann sheachtraigh chun náisiúnaigh tríú tír atá ag feitheamh le fillleadh a óstáil, ar saoráidí iad a thugann urraim do dhínt an duine agus do na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear na cearta um shaol príobháideach agus um shaol an teaghlaigh, agus um neamh-idirdhealú;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, úsáid iomlán a bhaint as na nósanna imeachta brostaithe dá bhforáiltear sna comhaontuithe um athligeran isteach arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas nó na Ballstáit agus tríú tíortha, agus urraim á tabhairt do na ráthaíochtaí nós imeachta i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagal 47 den Chairt;
 - (d) i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1860, foláireamh maidir le fillleadh a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen nuair nach féidir an fillleadh a dhéanamh láithreach.
- (6) Ba cheart do na Ballstáit brath ar an tacaíocht ar fad a chuireann Frontex ar fáil, agus gach leas a bhaint aisti, lena n-áirítear a thacaíocht oibríochtúil do na húdaráis náisiúnta, cúnaimh le fillithe a aithint agus doiciméid taistil a fháil, oibríochtaí um fhilleadh a eagrú agus tacaíocht le haghaidh imeacht deonach agus ath-imeascadh.

Dreasachtaí le haghaidh fillleadh deonach

- (7) Chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a spreagadh le fillleadh go deonach, ba cheart do na Ballstáit struchtúir chomhairliúcháin maidir le fillleadh agus ath-imeascadh a bhunú chun faisnéis agus treoraíocht a thabhairt dóibh a luaithe is féidir sa phróiseas agus chun iad a dhírú isteach i gclár um fhilleadh deonach cuidithe agus ath-imeascadh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis faoi fhilleadh le linn an phróisis um thearmainn, toisc gur toradh féideartha é fillleadh i gcás ina ndiúltófar don iaratas ar chosaint idirnáisiúnta.
- (8) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) cuimhneamh ar staonadh ó thoirmeasc ar dhul isteach a eisiúint i leith náisiúnach tríú tír a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla agus a chláraíonn do chlár um fhilleadh deonach cuidithe agus ath-imeascadh, gan dochar d'Airteagal 11(1) de Threoir 2008/115/CE; sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh imeacht deonach mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Threoir 2008/115/CE;

- (b) foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta atá so-rochtana agus oibríochtúil go praiticiúil chun a chur ar a chumas don náisiúnach tríú tír aistarraingt, fionraí nó giorrú toirmisc ar dhul isteach a iarraidh sna cásanna sin inar fhág náisiúnach tríú tír atá faoi réir toirmeasc ar dhul isteach críoch Ballstáit i gcomhréir iomlán le cinneadh um fhilleadh laistigh den tréimhse a deonaíodh le haghaidh imeacht deonach, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2008/115/CE.

Cur chuige cuimsitheach maidir le héalú

- (9) Chun próiseas cuíchóirithe comhordaithe a chur ar bun, ba cheart do na Ballstáit cur chuige cuimsitheach a chur i bhfeidhm ina mbeidh na príomhuirlisí seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar an riosca um éalú agus chun é a chosc:
- (a) critéir oibiachtúla chun measúnú a dhéanamh ar an riosca um éalú atá ann i ngach cás aonair;
 - (b) roghanna malartacha éifeachtacha eile seachas coinneáil chun teacht leis na leibhéil éagsúla riosca um éalú agus le himthosca aonair;
 - (c) coinneáil mar bheart na rogha deiridh agus le haghaidh na tréimhse is gairide agus is gá i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 2008/115/CE agus Airteagal 6 den Chairt.
- (10) Chun measúnú a dhéanamh an bhfuil cúiseanna ann i gcás aonair lena chreidiúint go bhféadfadh náisiúnach tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh éalú de réir bhrí Airteagal 3, pointe 7, de Threoir 2008/115/CE, ba cheart do na Ballstáit na himthosca agus na critéir oibiachtúla dá dtagraítear i bpointí 15 agus 16 faoi seach de Mholadh (AE) 2017/432 a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le réimse leathan roghanna malartacha eile seachas coinneáil a bheidh éifeachtach chun éalú na náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chosc agus a bheidh spriocdhírthe ar imthosca aonair na ndaoine lena mbaianeann. Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta leormhaithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh náisiúnaigh tríú tír na bearta sin. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha nach bhfuil chomh comhéigneach céanna leis an gcoinneáil agus d'fhéadfadh na bearta seo a leanas a áireamh orthu:
- (a) an oibleagáid tuairisciú go tráthrialta do na húdaráis inniúla, idir gach 24 uair an chloig agus uair amháin sa tseachtain, ag brath ar leibhéal an riosca um éalú;
 - (b) an oibleagáid an pas, an doiciméad taistil nó an doiciméad céannachta a thabhairt suas do na húdaráis inniúla;
 - (c) an oibleagáid cónaí in áit a ainmníonn na húdaráis, amhail áit chónaithe phríobháideach, dídean nó ionad tiomnaithe;
 - (d) an oibleagáid seoladh baile a thuairisciú do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear aon athrú ar an seoladh sin;
 - (e) taisceadh ráthaíochta airgeadais leordhóthanaí;
 - (f) úsáid teicneolaíochta nuálaí.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht choinneála i gcomhréir leis na riachtanais atá ann, agus líon na náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá faoi réir cinneadh um fhilleadh agus líon measta na ndaoine siúd a bhfuil coinne lena bhfillleadh sa mheántearma á gcur san áireamh.

Cur Chun Feidhme, Faireachán agus Tuairisciú

- (12) Agus an Moladh seo á chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit brath ar an tacaíocht ar fad a chuirtear ar fáil le leibhéal an Aontais, agus gach leas a bhaint aisti, lena n-áirítear:
- (a) Comhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh agus an Líonra Ardleibhéal um Fhilleadh;
 - (b) tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí inniúla an Aontais, go háirithe Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, eu-LISA, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;
 - (c) an saineolas agus an fhaisnéis a bhailítear agus a mhalartaítear i líonra agus grúpaí an Aontais a bhíonn ag plé le hábhair um fhilleadh.
- (13) Chun críche faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo, iarrtar ar na Ballstáit tuairisciú go bliantúil don Choimisiún, lena n-áirítear maidir le líon na gcinntí um fhilleadh le Ballstáit eile ar tugadh aitheantas frithpháirteach dóibh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Ylva JOHANSSON
Comhalta den Choimisiún

RIALACHA NÓS IMEACHTA

CINNEADH TARMLIGTHE Uimh. 17-2023 DEN CHOISTE RIARACHÁIN I gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

an 1 Márta 2023

maidir le rialacha cur chun feidhme chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

TÁ AN COISTE RIARACHÁIN I gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA,

AG FÉACHAINT DON Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 287 de,

AG FÉACHAINT DO Chinneadh Uimh. 41-2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (FRAE) ⁽¹⁾,

AG FÉACHAINT DO bheartas slándála faisnéise na Cúirte Iniúchóirí (DEC 127/15 FINAL faoi láthair) agus don bheartas rúnaicmithe faisnéise (Fógra Foirne 123/2020) ⁽²⁾,

DE BHRÍ go bhfuil feidhm ag Cinneadh Uimh. 41-2021 maidir leis na ranna ar fad sa Chúirt Iniúchóirí agus maidir le háitreabh na Cúirte Iniúchóirí;

DE BHRÍ go bhforálann Cinneadh Uimh. 41-2021 ina Airteagail 1(3) agus 5(6) go ndéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faisnéis ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil ina háitreabh agus go bhféadfaidh sí comhaontú ar leibhéal seirbhíse a dhéanamh le hinstitiúid eile de chuid an Aontais i Lucsamburg d'fhonn faisnéis atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde ná sin a láimhseáil agus a stóráil i Limistéar Daingnithe den institiúid sin;

DE BHRÍ go bhfuil bearta slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) a chosaint le linn a saolré le bheith i gcomhréir go háirithe lena rúnaicmiú slándála;

DE BHRÍ go gcaithfidh bearta slándála chun cosaint a thabhairt do rúndacht, ionracas agus infhaighteacht faisnéise a chuirtear in iúl do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a bheith iomchuí maidir le nádúr agus cineál na faisnéise atá i gceist;

DE BHRÍ go bhforálann Airteagal 10(10) de Chinneadh Uimh. 41-2021 go nglacfaidh an Coiste Riaracháin cinneadh tarmligthe lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme don Chinneadh seo; de bhun Airteagail 8(1) agus 10(1) de Chinneadh Uimh. 41-2021, rialófar saincheisteanna amhail FRAE a láimhseáil agus a stóráil, chomh maith le sárúithe slándála, leis na rialacha cur chun feidhme sin;

DE BHRÍ go leagtar amach le Cinneadh Uimh. 41-2021 na bearta slándála fisiciúla a mbeidh feidhm acu i Limistéir Riaracháin ina ndéantar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a stóráil;

DE BHRÍ go gcomhlíonfaidh na bearta slándála a dhéantar chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme na prionsabail maidir le slándáil sa Chúirt Iniúchóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh Uimh. 41-2021;

DE BHRÍ gur áirithigh an Chúirt Iniúchóirí le Cinneadh Uimh. 41-2021 go bhfuil a bearta slándála chun ardleibhéal cosanta a ráthú do FRAE coibhéseach leis na bearta sin a bunaíodh leis na rialacha maidir le cosaint FRAE arna nglacadh ag institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile den Aontas;

DE BHRÍ gur comhaontaíodh comhaontú riaracháin éadrom idir an Chúirt Iniúchóirí agus an Coimisiún, an Chomhairle agus SEGS agus gur tháinig sé i bhfeidhm an 27 Eanáir 2023.

⁽¹⁾ IO L 256, 19.7.2021, lch. 106.

⁽²⁾ Ar fáil ag <https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/LegalFramework.aspx>.

TAR ÉIS A CHINNEADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar amach na coinníollacha láimhseála d'fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED ^(¹) i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 41-2021.
2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na ranna go léir agus maidir le háitreabh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Beidh feidhm aige freisin maidir le Seomraí agus Coistí na Cúirte, atá san áireamh sa téarma “ranna” le haghaidh an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Critéir maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED

1. Féadfar rochtain a thabhairt ar fhaisnéis atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED tar éis:
 - (a) Cinneadh a ghlacach gur gá rochtain a bheith ag duine aonair ar fhaisnéis áirithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED d'fhonn go mbeidh an duine sin in ann feidhm ghairmiúil nó cúram gairmiúil a dhéanamh don Chúirt Iniúchóirí;
 - (b) An duine aonair a bheith curtha ar an eolas faoi na rialacha agus faoi na caighdeáin agus treoirlínte slándála ábhartha chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chosaint; agus
 - (c) admháil a fháil ón duine aonair i ndáil leis na freagrachtaí a thiteann ar an duine sin maidir leis an bhfaisnéis lena mbaineann a chosaint.
2. Ní thabharfar dualgais d'oiliúnaithe na Cúirte Iniúchóirí a cheanglaíonn orthu rochtain a bheith acu ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED.
3. Coinneofar siar nó deonófar rochtain do chatagóirí eile foirne i gcomhréir leis an tábla atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

CAIBIDIL 2

FAISNÉIS RESTREINT UE/EU RESTRICTED A CHRUTHÚ

Airteagal 3

Tionscnóir

Cé gurb éard atá i gceist leis an tionscnóir de réir bhrí Airteagal 2 de Chinneadh Uimh. 41-2021 ná institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais, Ballstát, tríú stát nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil faisnéis rúnaicmithe cruthaithe agus/nó tugtha isteach i struchtúr an Aontais faoina n-údarás, ní gá gurb ionann iadsan agus dréachtóir na faisnéise RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

^(¹) De bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh Uimh. 41-2021, ciallóidh faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED “faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdraithe míbhuntáistí a chruthú do leasanna an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó”.

Airteagal 4

Leibhéal rúnaicmithe a shannadh

1. Déanfaidh daoine den fhoireann a bheidh ag dréachtú doiciméid ar bhonn faisnéise de réir bhrí Airteagal 1, i gcomhthéacs Airteagal 3, mír 6, de Chinneadh Uimh. 41-2021 nó ar aon bhonn eile, a mheas i gcónaí an gá a ndoiciméad a rúnaicmiú. Is éard a bheidh i gceist le doiciméad a rúnaicmiú mar FRAE ná measúnú agus cinneadh ón tionscnóir i dtaobh an ndéanfaí dochar do leasanna an Aontais Eorpaigh nó do leasanna Ballstáit amháin nó níos mó mar gheall ar an doiciméad a nochtadh do dhaoine neamhúdaráithe. Má bhíonn aon amhras ar dhréachtóirí maidir leis an doiciméad atá á dhréachtú acu a rúnaicmiú mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED, ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis an bPríomhbhainisteoir nó leis an Stiúrthóir atá freagrach.
2. Déanfar doiciméad a rúnaicmiú mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED ar a laghad más rud é go bhféadfadh nochtadh neamhúdaráithe an doiciméid sin, *inter alia*:
 - (a) dochar a dhéanamh don chaidreamh taidhleoireachta;
 - (b) a bheith ina chúis le goilleadh mór ar dhaoine aonair;
 - (c) cúrsaí a dhéanamh níos deacra i dtaca le héifeachtacht oibríochtuil nó slándáil an phearsanra atá sannta ag na Ballstáit nó ag rannchuiditheoirí eile a choinneáil;
 - (d) a bheith ina shárú ar ghealltanais maidir le muinín san fhaisnéis arna soláthar ag tríú páirtithe a choinneáil;
 - (e) dochar a dhéanamh d'imscrúdú na coireachta nó í a éascú;
 - (f) an tAontas nó na Ballstáit a chur faoi mhíbhuntáiste i gcaibidlíochtaí tráchtála nó beartais le páirtithe eile;
 - (g) bac a chur ar fhorbairt nó oibriú éifeachtach bheartais an Aontais;
 - (h) an bonn a bhaint ó bhainistíocht chúí an Aontais agus a chuid misean i gcoitinne; nó
 - (i) a bheith ina chúis le faisnéis atá rúnaicmithe ar leibhéal níos airde a thabhairt chun solais.
3. Féadfaidh tionscnóirí cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal rúnaicmithe caighdeánach a shannadh do chatagóirí faisnéise a chruthaíonn siad ar bhonn rialta. Mar sin féin, déanfaidh siad a áirithiú go sannfar an leibhéal rúnaicmithe iomchuí do mhíreanna aonair faisnéise.

Airteagal 5

Ag obair ar dhréachtaí

1. Déanfar faisnéis a rúnaicmiú a luaithe a tháirgfear í. I ndáil le nótaí pearsanta, réamhdhréachtaí nó teachtaireachtaí ina bhfuil faisnéis a fhágann gur gá na nithe sin a rúnaicmiú ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED, déanfar iad a mharcáil amhlaidh ón tús, agus déanfar iad a tháirgeadh agus a láimhseáil i gcomhréir leis an gCinneadh seo.
2. Mura mbeidh leibhéal rúnaicmithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED de dhíth a thuilleadh don doiciméad críochnaitheach, déanfar é a scaoileadh ó rúnaicmiú.

Airteagal 6

Taifead den bhunábhar

Ionas go bhféadfar rialú tionscnóra a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 13, coinneoidh tionscnóirí doiciméad RESTREINT UE/EU RESTRICTED, a mhéid is féidir, taifead d'aon fhoinsé rúnaicmithe a úsáideadh chun doiciméid rúnaicmithe a tháirgeadh, lena n-áirítear mionsonraí faoi fhoinse a tháinig ar dtús ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó thríú tíortha. I gcás inarb iomchuí, déanfar faisnéis rúnaicmithe chomhiomlánaithe a mharcáil ar bhealach a chinnteoidh go mbeifear in ann tionscnóirí na mbunábhar rúnaicmithe a úsáideadh a shainaithe.

*Airteagal 7***Codanna de dhoiciméad a rúnaicmiú**

1. I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh Uimh. 41-2021, beidh an leibhéal foriomlán rúnaicmithe a bheidh ag doiciméad ar a laghad chomh hard leis an gcomhchuid den doiciméad sin is airde atá rúnaicmithe. Nuair a chomhthiomsaítear faisnéis ó fhoinsí éagsúla, déanfar athbhreithniú ar an doiciméad comhiomlán críochnaitheach chun an leibhéal foriomlán rúnaicmithe slándála a chinneadh, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh gá le rúnaicmiú níos airde ná rúnaicmiú a chomhchodanna a thabhairt dó.

2. Déanfar doiciméid ina bhfuil codanna rúnaicmithe agus codanna nach bhfuil rúnaicmithe a struchtúru agus a mharcáil ar shlí a chinnteoidh gur féidir comhchodanna a bhfuil leibhéal éagsúla rúnaicmithe agus/nó íogaireachta acu a shainaitheant agus a scaradh go héasca ó na comhchodanna eile más gá. Leis sin, beifear in ann gach cuid a láimhseáil go hiomchuí nuair a bheidh sí scartha ó na comhchodanna eile.

*Airteagal 8***Marcáil rúnaicmithe iomlán**

1. Sa chás go bhfuil údar maith le faisnéis a rúnaicmiú, déanfar í sin a mharcáil agus a láimhseáil mar fhaisnéis den sórt sin, gan beann ar a foirm fhisiceach. Cuirfear an leibhéal rúnaicmithe in iúl go soiléir d'fhaighteoírí, trí mharcáil rúnaicmithe, más rud é go ndéantar an fhaisnéis a sheachadadh i scríbhinn, bíodh sé ar pháipéar, ar mheáin stórála inbhainte, nó i gCóras Cumarsáide agus Faisnéise (CCF), nó trí fhógra, má dhéantar an fhaisnéis a sheachadadh ó bhéal, amhail i gcomhrá nó i gcur i láthair. Déanfar ábhar rúnaicmithe a mharcáil go fisiceach ionas gur féidir an rúnaicmiú slándála lena mbaineann a shainaitheant go héasca.

2. Maidir le doiciméid fhisiceacha, scríobhfar an mharcáil don rúnaicmiú iomlán “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” i mbloclitreacha orthu, agus é sin go hiomlán i bhFraincis agus i mBéarla (an Fhraincis ar dtús), i gcomhréir le mír 3. Ní aistrefar an mharcáil go teangacha eile.

3. Greamófar an mharcáil rúnaicmithe “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” mar seo a leanas:

- (a) suite sa lár ag barr agus ag bun gach leathanaigh den doiciméad;
- (b) beidh an mharcáil rúnaicmithe iomlán ar aon líne amháin, gan aon spás ar an dá thaobh den tulsais;
- (c) i mbloclitreacha, dubh, cló *Times New Roman 16*, trom, agus teorainn timpeall uirthi ar gach taobh.

4. Nuair a bhíonn doiciméad RESTREINT UE/EU RESTRICTED á chruthú:

- (a) déanfar gach leathanach a mharcáil go soiléir leis an leibhéal rúnaicmithe;
- (b) cuirfear uimhir ar gach leathanach;
- (c) beidh uimhir thagartha agus ábhar ar an doiciméad, agus ní faisnéis rúnaicmithe a bheidh san uimhir ná san ábhar sin mura rud é go mbeidh sé sin marcáilte amhlaidh;
- (d) déanfar na hiarscríbhinní agus na hiatáin go léir a liostú ar an gcéad leathanach nuair is féidir; agus
- (e) beidh an dáta a cruthaíodh an doiciméad tugtha air.

*Airteagal 9***An giorrúchán “R-UE/EU-R” don mharcáil rúnaicmithe**

Féadfar an giorrúchán “R-UE/EU-R” a úsáid chun leibhéal rúnaicmithe codanna aonair de dhoiciméad RESTREINT UE/EU RESTRICTED a léiriú, nó i gcás nach féidir an mharcáil rúnaicmithe iomlán a chur isteach, mar shampla ar mheáin stórála beag inbhainte. Féadfar é a úsáid i gcorp an téacs nuair a mheastar go bhfuil sé iomarcach an marc rúnaicmithe iomlán á úsáid arís agus arís eile. Ní úsáidfean an giorrúchán in ionad na marcálacha rúnaicmithe iomlána i gceanntásc agus i mbuntásc an doiciméid.

*Airteagal 10***Sainitheoirí slándála eile**

1. D'fhéadfadh sé go mbeadh marcálacha eile, nó “sainitheoirí slándála” ar dhoiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED, lena sonrúfaí, mar shampla, an réimse lena mbaineann an doiciméad, nó lena léireofaí cé chuige a scaipfí an doiciméad ar bhonn riachtanais. Sampla is ea:

INEISITHE DO LICHTINSTÉIN

2. D'fhéadfadh sé go mbeidh *caveat* slándála ar dhoiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED ina dtabharfaí treoracha sonracha maidir le conas na doiciméid a láimhseáil agus a bhainistiú.

3. Nuair is féidir, greamófar aon rud a thugann scaoileadh ó rúnaicmiú le fios ar an gcéad leathanach den doiciméad tráth a chruthaithe. Mar shampla, féadfar an mharcáil seo a leanas a úsáid:

RESTRICTED

go dtí [ll.mm.bbbb]

*Airteagal 11***Próiseáil leictreonach**

1. Cruthófar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED trí mheán leictreonach, i gcás ina mbeidh sé sin ar fáil.

2. Úsáidfidh foireann na Cúirte Iniúcháirí córais chreidiúnaithe cumarsáide agus faisnéise (dá ngairtear “CCF” anseo feasta) chun faisnéis ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chruthú (féach Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 41-2021). Rachaidh an foireann i gcomhairle leis an Oifigeach Slándála Faisnéise (OSF) má tá aon amhras ann i dtaobh cén CCF a fhéadfar a úsáid. I gcomhchomhairle leis an OSF, féadfar nósanna imeachta sonracha a chur i bhfeidhm i gcásanna éigeandála nó i bhfoirmíochtaí teicniúla sonracha.

3. Ní dhéanfar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED, lena n-áirítear dréachtaí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5, a sheoladh trí ghnáthphost oscailte, ní dhéanfar iad a phriontáil ná a scanadh ar ghnáthphrintéirí ná ar ghnáthscanóirí, ná ní láimhseálfar iad ar fheistí pearsanta atá ag daoine den foireann. Ní úsáidfeadh ach printéirí nó cóipeálaithe atá nasctha le ríomhairí neamhspleácha nó le córas creidiúnaithe chun doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a phriontáil.

*Airteagal 12***Dáileadh**

Cinnfidh seoltóir na ndoiciméad RESTREINT UE/EU RESTRICTED cé chucu a dháilfeadh an fhaisnéis, bunaithe ar a riachtanas eolais. Más gá, déanfar liosta seachadta a tharraingt suas chun prionsabal “an riachtanais eolais” a fhorfheidhmiú tuilleadh.

CAIBIDIL 3

AG OBAIR LE FAISNÉIS RESTREINT UE/EU RESTRICTED ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Airteagal 13

Rialú tionscnóra

1. Beidh “rialú tionscnóra” ag tionscnóir na faisnéise RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gcás na faisnéise sin atá cruthaithe ag an tionscnóir. Déanfar réamhthoilú i scríbhinn ón tionscnóir a lorg sula bhféadfar an fhaisnéis:

- (a) a scaoileadh ó rúnaicmiú;
- (b) a úsáid ar aon chúis eile seachas don chúis atá leagtha síos ag an tionscnóir;
- (c) a eisiúint chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta;
- (d) a nochtadh do pháirtí lasmuigh den Chúirt Iniúchóirí, ach laistigh den Aontas Eorpach; nó
- (e) a nochtadh do chonraitheoir nó conraitheoir ionchasach atá lonnaithe i dtríú tír.

2. Déantar rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe a thabhairt do shealbhóirí faisnéise RESTREINT UE/EU RESTRICTED d'fhonn go mbeidh siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Is orthu atá an fhreagracht as láimhseáil, stóráil agus cosaint cheart a dhéanamh uirthi, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 41-2021. Murab ionann agus tionscnóirí faisnéise rúnaicmithe, ní thabharfar údarú do shealbhóirí cinneadh a dhéanamh maidir le faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a scaoileadh ó rúnaicmiú nó a eisiúint ina dhiaidh sin do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.

3. Mura féidir tionscnóir faisnéise RESTREINT UE/EU RESTRICTED áirithe a shaináithint, feidhmeoidh roinn na Cúirte Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici an rialú tionscnóra. I gcás ina measfaidh sealbhóir na faisnéise gur gá faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a eisiúint do thríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta, iarrfaidh an Chúirt Iniúchóirí comhairle ar cheann de na Páirtithe i gComhaontú maidir le Slándáil Faisnéise leis an tríú tír chéanna nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta chéanna sin.

Airteagal 14

CCF atá oiriúnach chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil

Déanfar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a tharchur trí mheán leictreonach, i gcás ina mbeidh a leithéid ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh Uimh. 41-2021, ní úsáidfear ach CCF agus trealamh atá creidiúnaithe ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais, nó ag an gCúirt Iniúchóirí.

Airteagal 15

Bearta sonracha maidir le faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED i dtaca le meáin stórála inbhainte

1. Déanfar an úsáid a bhaintear as meáin stórála inbhainte a rialú agus coinneofar cuntas ar an úsáid sin. Ní úsáidfear ach meáin stórála inbhainte atá curtha ar fáil ag an gCúirt Iniúchóirí nó ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais agus atá formheasta ag OSF na Cúirte Iniúchóirí, agus atá criptithe ag táirge atá formheasta ag OSF na Cúirte Iniúchóirí. Ní úsáidfear meáin stórála phearsanta inbhainte ná na meáin sin a thugtar saor in aisce ag comhdhálacha, seimineáir, etc. chun faisnéis rúnaicmithe a aistriú. I gcás inar féidir, ba cheart meáin stórála inbhainte atá cosanta le bearta slándála TEMPEST a úsáid, i gcomhréir leis an treoir ón OSF.

2. I gcás ina ndéantar doiciméad rúnaicmithe a láimhseáil nó a stóráil go leictreonach ar mheáin stórála inbhainte, amhail méaróga USB, tiomántáin chrua USB, dlúthdhioscaí, DVDanna nó cártaí cuimhne (lena n-áirítear SSD ⁽⁴⁾), beidh an mharcáil rúnaicmithe le feiceáil go soiléir ar an bhfaisnéis féin a thaispeántar, agus ar ainm an chomhaid agus ar an meán stórála inbhainte.

⁽⁴⁾ Ciallaíonn SSD feiste stórála leathsheoltóra, feiste soladstaide nó diosca soladstaide.

3. Cuirfidh daoine den fhoireann san áireamh, nuair a stóráiltear méideanna móra faisnéise rúnaicmithe ar mheáin stórála inbhainte, go bhféadfadh sé go mbeadh leibhéal rúnaicmithe níos airde le tabhairt don fheiste.
4. Ní úsáidfeadh ach CCF atá creidiúnaithe go hiomchuí chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a aistriú chuig meáin stórála inbhainte nó uathu.
5. Nuair a bhíonn faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED á híoslódáil ar mheáin stórála inbhainte, déanfar cúram ar leith chun a áirithiú nach mbeidh víris ná bogearraí mailíseacha sna meáin sula ndéantar an t-aistriú sonraí.
6. I gcás inarb infheidhme, láimhseálfar meáin stórála inbhainte i gcomhréir le haon nós imeachta oibríochtaí slándála a bhaineann leis an gcóras criptiúcháin a úsáidtear.
7. Déanfar doiciméid ar mheáin stórála inbhainte nach bhfuil gá leo a thuilleadh, nó atá aistrithe go CCF iomchuí, a bhaint nó a scriosadh go sábháilte trí úsáid a bhaint as táirgí nó modhanna formheasta. Mura rud é go stóráiltear i dtoscán oifige glasaílte iomchuí iad, déanfar meáin stórála inbhainte a dhíothú nuair nach mbeidh gá a thuilleadh leo. Maidir le haon díothú nó scriosadh, bainfeadh úsáid as modh atá i gcomhréir le rialacha slándála na Cúirte Iniúcháirí. Coinneofar fardal de na meáin inbhainte, agus déanfar a ndíothú a thairfeadh.

Airteagal 16

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a stóráil

1. I gcomhréir le hAirteagail 5(8) agus 6(9) de Chinneadh Uimh. 41-2021, féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil i Limistéar Riaracháin ⁽⁷⁾, nó i Limistéar Daingnithe ag an gCoimisiún ⁽⁸⁾ a bhfuil comhaontú ar leibhéal seirbhíse tugtha i gcrích ag an gCúirt Iniúcháirí maidir lena úsáid, mar seo a leanas:
 - dúnfaidh daoine den fhoireann doras na hoifige nuair atá faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED á láimhseáil acu;
 - cuirfidh daoine den fhoireann aon fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED i dtaisce, nó clúdóidh siad í, má thagann duine isteach san oifig ar cuairt chucu;
 - ní fhágfaidh daoine den fhoireann faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED infheicthe nuair nach mbeidh duine san oifig;
 - déanfar scáileáin a thaispeánann faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chasadh amach ó fhuinneoga agus ó dhoirse go buan ionas nach mbeidh deis ag duine éigin eile í a fheiceáil.
2. Féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil go sealadach lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin, ar choinníoll go bhfuil sé geallta ag an sealbhóir go gcomhlíonfar bearta cúiteacha chun í a chosaint ar rochtain ag daoine neamhúdaráithe. Cuirfeadh an méid seo a leanas, ar a laghad, san áireamh sna bearta cúiteacha:
 - ní léifear faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED in áiteanna poiblí;
 - coinneofar FRAE faoi rialú pearsanta an tsealbhóra i gcónaí;
 - déanfar na doiciméid a chur i dtaisce i dtoscán cuí atá faoi ghlas nuair nach mbeidh siad á léamh nó á bplé;
 - dúnfar na doirse sa seomra nuair a bheidh an doiciméad á léamh nó á phlé;
 - ní dhéanfar mionsonraí an doiciméid a phlé ar an bhfón ar líne nach bhfuil daingnithe, ná i ríomhphost neamhchriptithe;
 - ní fhéadfar an doiciméad a fhótachóipeáil nó a scanadh ach amháin ar threalamh atá neamhspleách nó creidiúnaithe;

⁽⁷⁾ Mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 41-2021.

⁽⁸⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 18 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444.

- ní dhéanfar an doiciméad a láimhseáil ná a choinneáil go sealadach lasmuigh de Limistéar Riaracháin nó Daingnithe ach amháin ar feadh na tréimhse íosta is gá;
 - ní chaithfidh an sealbhóir an doiciméad rúnaicmithe amach ach cuirfidh an sealbhóir ar ais é lena stóráil i Limistéar Riaracháin nó Daingnithe, nó déanfaidh an sealbhóir a áirithiú go scríosfar i stiallaire formheasta é (?).
3. Déanfar cóip chrua d'fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a stóráil i dtoscán oifige faoi ghlas i Limistéar Riaracháin nó i Limistéar Daingnithe. Féadfar í a stóráil go sealadach lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin, ar choinníoll go bhfuil sé geallta ag an sealbhóir go gcomhlíonfar bearta cúiteacha.
 4. Is féidir tuilleadh comhairle a lorg ón OSF.
 5. Déanfar aon teagmhas slándála amhrasta nó iarbhrí a bhaineann leis an doiciméad a thuairisciú don OSF a luaithe is féidir.

Airteagal 17

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chóipeáil agus a aistriú go teanga eile

1. Féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chóipeáil nó a aistriú go teanga eile ar threoir ón sealbhóir, ar choinníoll nach bhfuil aon *caveat* forchurtha ag an tionscnóir ina leith sin. Mar sin féin, ní dhéanfar níos mó cóipeanna ná mar atá fíor-riachtanach.
2. I gcás nach ndéantar ach cuid de dhoiciméad rúnaicmithe a atáirgeadh, beidh feidhm ag na coinníollacha céanna a bhaineann leis an doiciméad iomlán a chóipeáil. Déanfar sleachta a rúnaicmiú mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED freisin, mura rud é go bhfuil sé marcáilte go sonrath ag an tionscnóir nach bhfuil siad rúnaicmithe.
3. Cuirfear na bearta slándála is infheidhme maidir leis an bhfaisnéis bhunaidh i bhfeidhm freisin ar chóipeanna agus ar aistriúcháin den fhaisnéis sin.

Airteagal 18

Prionsabail ghinearálta maidir le faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar

1. A mhéid is féidir, déanfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED is gá a thabhairt amach lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó Limistéar Riaracháin a sheoladh go leictreonach trí mhodhanna atá creidiúnaithe go hiomchuí agus/nó atá faoi chosaint ag táirgí cripteagrafacha formheasta.
2. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil nó ar na cúinsí ar leith, féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar go fisiciúil de láimh i bhfoirm doiciméad páipéir nó ar mheáin stórála inbhainte. Tabharfar tús áite d'fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a aistriú trí mheáin stórála inbhainte a úsáid thar dhoiciméid pháipéir a sheoladh.
3. Is meáin stórála inbhainte atá criptithe le táirge agus formheasta ag OSF na Cúirte Iniúchóirí, agus na meáin sin amháin, a fhéadfar a úsáid. Déanfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED atá ar mheáin stórála inbhainte nach bhfuil faoi chosaint ag táirge criptithe atá formheasta ag an OSF a láimhseáil ar an mbealach céanna le cóip pháipéir.
4. Féadfaidh níos mó ná píosa amháin d'fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a bheith i gcoinsíneacht, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal “an riachtanais eolais”.
5. Áiritheofar leis an bpacáistíocht a bheidh in úsáid nach mbeidh aon rud atá sa doiciméad le feiceáil. Iomprófar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED i bpacáistíocht theimhneach, amhail clúdach litreach, fillteán teimhneach, nó mála cáipéisí. Ní bheidh aon chomhartha ar an taobh amuigh den phacáistíocht a thabharfaidh le fios cad leis go díreach a bhaineann an doiciméad ná cén leibhéal rúnaicmithe atá i gceist leis. Má bhíonn sraith inmheánach pacáistíochta in úsáid, marcálfar an tsraith sin leis na focail RESTREINT UE/EU RESTRICTED. Sa dá shraith phacáistíochta, luafar ainm, teideal poist agus seoladh an fhaighteora bheartaithe, chomh maith leis an seoladh chuig a guirfear ar ais an doiciméad i gcás nach féidir seachadadh a dhéanamh.

(?) Féach Airteagal 39 thíos chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

6. Maidir le haon teagmhais slándála lena mbaineann faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED atá ar iompar ag daoine den fhoireann nó ag cúirírí, déanfar na teagmhais sin a thuairisciú tríd an OSF don Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta ionas go ndéanfar imscrúdú ar an teagmhas ina dhiaidh sin.

Airteagal 19

Meáin stórála inbhainte a iompar de láimh

1. Beidh nóta tuairisce ag gabháil le meáin stórála inbhainte a úsáidtear chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar, ina mbeidh mionsonraí ar na meáin stórála inbhainte ina bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe, chomh maith leis na comhaid uile atá iontu, d'fhonn go mbeidh an faighteoir in ann na fíoruithe is gá a dhéanamh.
2. Ní stórálfar ar na meáin ach na doiciméid atá le soláthar. Chaithfeadh an fhaisnéis rúnaicmithe uile ar mhéaróga USB aonair, mar shampla, a bheith beartaithe don fhaighteoir céanna. Cuirfidh an seoltóir san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal rúnaicmithe níos airde don fheiste ina hiomláine má tá méideanna móra faisnéise rúnaicmithe stóráilte ar fheistí den sórt sin.
3. Ní úsáidfear ach meáin stórála inbhainte a bhfuil an mharcáil rúnaicmithe iomchuí orthu chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar.

Airteagal 20

Doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar laistigh d'fhoirgnimh na Cúirte Iniúchóirí

1. Féadfaidh daoine den fhoireann doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar laistigh d'fhoirgneamh de chuid na Cúirte Iniúchóirí nó idir institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais, ach ní fhágfaidh na doiciméid seilbh an iompróra, ná ní léifear go poiblí iad.
2. Féadfar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a sheoladh tríd an bpost inmheánach chuig oifigí eile de chuid na Cúirte Iniúchóirí in aon ghnáthchlúdach teimhneach amháin, ach gan aon chomhartha a bheith ar an gclúdach a thabharfadh le fios gur ábhar rúnaicmithe atá ann.

Airteagal 21

Doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar laistigh den Aontas

1. Féadfaidh daoine d'fhoireann nó cúirírí ón gCúirt Iniúchóirí nó ó institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar áit ar bith laistigh den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na treoracha seo a leanas:
 - (a) úsáidfear clúdach litreach teimhneach nó pacáistiú teimhneach chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar. Ní bheidh aon chomhartha ar an taobh amuigh den chlúdach a thabharfaidh le fios cad go baileach atá ann ná cén leibhéal rúnaicmithe atá i gceist leis;
 - (b) ní fhágfaidh faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED seilbh an iompróra; agus
 - (c) ní osclófar an clúdach litreach ná an pacáiste faoi bhealach, agus ní léifear an fhaisnéis in áiteanna poiblí.
2. Féadfaidh daoine den fhoireann ar mian leo faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a sheoladh chuig suíomhanna eile san Aontas socrú a dhéanamh chun an fhaisnéis sin a sheoladh ar cheann de na modhanna seo a leanas:
 - trí sheirbhísí náisiúnta poist a rianaíonn an choinsíneacht nó trí sheirbhísí cúiríreachta tráchtála áirithe lena ráthaítear iompar de láimh go pearsanta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 23 den Chinneadh seo; nó
 - le cúirír míleata, rialtais nó taidhleoireachta, i gcomhordú le foireann Oifig na dTairfead.

*Airteagal 22***Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar ó chríoch tríú tír nó chuici**

1. Féadfaidh daoine den fhoireann faisnéis atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar de lámh idir críoch an Aontais agus críoch thríú tír.
2. Féadfaidh foireann Oifig na dTaiscead socrú a dhéanamh maidir le ceann de na nithe seo a leanas:
 - iompar trí sheirbhísí poist a rianaíonn an choinsíneacht nó trí sheirbhísí cúiréireachta tráchtála lena ráthaítear iompar de lámh go pearsanta; nó
 - iompar le cúiréir míleata nó taidhleoireachta.
3. Nuair a bhíonn doiciméid pháipéir nó meán stórála inbhainte atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED á n-iompar de lámh, comhlíonfaidh na daoine den fhoireann na bearta breise go léir seo a leanas:
 - Nuair a bhíonn siad ag taisteal ar chóras iompair phoiblí, cuirfear an fhaisnéis rúnaicmithe i mála cáipéisí í nó i mála a choimeádfar i seilbh phearsanta an iompróra. Ní chuirfear an mála sin san áit a gcoinnítear an bagáiste.
 - Déanfar an fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar laistigh de dhá shraith phacáistíochta. Beidh séala oifigiúil ar shraith inmheánach na pacáistíochta chun a léiriú gur coinsíneacht oifigiúil í agus nach féidir grinnscrúdú slándála a dhéanamh uirthi.
 - Beidh deimhniú cúiréireachta arna eisiúint ag Oifig na dTaiscead ag an iompróir, lena ndeimhnítear go bhfuil an t-údarú ag an iompróir an choinsíneacht RESTREINT UE/EU RESTRICTED a iompar.

*Airteagal 23***Iompar le cúiréirí tráchtála**

1. Le haghaidh an Chinnidh seo, áirítear le “cúiréirí tráchtála” seirbhísí poist náisiúnta agus cuideachtaí cúiréireachta tráchtála a thairgeann seirbhís ina seachadtar faisnéis ar tháille agus ina ndéantar í a iompar de lámh nó ina ndéantar í a rianú.
2. Féadfaidh cúiréirí tráchtála seirbhísí fochonraitheora a úsáid. Mar sin féin, is ar an gcuideachta chúiréireachta a bheidh an fhreagracht as an gCinneadh seo a chomhlíonadh.
3. Más rud é go bhfuil an faighteoir beartaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, úsáidfeadh dhá shraith phacáistíochta. Nuair a bhíonn coinsíneachtaí rúnaicmithe á n-ullmhú, cuirfidh an seoltóir san áireamh nach ndéanfaidh seirbhísí cúiréireachta tráchtála na coinsíneachtaí RESTREINT UE/EU RESTRICTED a sheachadadh ach amháin don fhaighteoir beartaithe, d'ionadaí cuí-údaraithe, don oifigeach rialaithe clárlainne nó d'ionadaí cuí-údaraithe an duine sin, nó d'fháilteoir. D'fhonn maolú a dhéanamh ar an riosca nach sroichfeadh an choinsíneacht an faighteoir beartaithe, beidh an seoladh chuig a gcuirfí ar ais an choinsíneacht marcáilte ar shraith lasmuigh phacáistíochta na coinsíneachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar shraith inmheánach na pacáistíochta sin.
4. Ní úsáidfeadh seirbhísí atá á dtairiscint ag cúiréirí tráchtála lena soláthraítear tarchur leictreonach na ndoiciméad seachadta cláraithe le haghaidh faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

*Airteagal 24***Coinníollacha láimhseála sonracha eile**

1. Comhlíonfar aon choinníollacha iompair a bheidh leagtha amach i gcomhaontú um shlándáil faisnéise nó i socruithe riaracháin. Má tá amhras ann, rachaidh daoine den fhoireann i gcomhairle leis an OSF nó le hOifig na dTaiscead.
2. Is féidir an ceanglas maidir le pacáistiú dúbailte a tharscaoileadh i gcás faisnéis rúnaicmithe atá faoi chosaint ag táirgí cripteagrafacha formheasta. Mar sin féin, chun go bhféadfar seoladh a chur ar an bpacáistiú, agus toisc go bhfuil marcáil fhollasach rúnaicmithe slándála ar an meán stórála inbhainte freisin, déanfar an meán a iompar i ngnáthchlúdach litreach ar a laghad, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta cosanta fisiceacha breise, amháin clúdach litreach a bhfuil cumhdach bolgóideach ann.

CAIBIDIL 4

CRUINNITHE RÚNAICMITHE

Airteagal 25

Ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh chruinniú RESTREINT UE/EU RESTRICTED

1. Ní thionólfar cruinnithe ina bhfuil faisnéis RESTREINT UE/EU RESTREINT le plé ach amháin i seomra cruinnithe atá creidiúnaithe ar an leibhéal iomchuí nó níos airde. I gcás nach mbeidh seomra cruinnithe den sórt sin ar fáil, lorgóidh an fhoireann comhairle ón OSF.
2. Mar riail ghinearálta, níor cheart cláir ghnó a rúnaicmiú. Má luaitear doiciméid rúnaicmithe ar chlár gnó an chruinnithe, ní fhágann sé sin go ndéanfar an clár gnó féin a rúnaicmiú go huathoibríoch. Beidh na míreanna ar an gclár gnó curtha i bhfríotal a chinntíonn nach ndéanfar cosaint an Aontais, nó ceann amháin nó níos mó de leasanna na mBallstát, a chur i mbaol.
3. Má tá comhaid leictreonacha ina bhfuil faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED le ceangal leis an gclár gnó, tá sé éigeantach iad a chosaint le táirgí cripteagrafacha atá formheasta ag OSF na Cúirte Iniúcháirí.
4. Cuirfidh an dream a bheidh ag eagrú an chruinnithe i gcuimhne do na rannpháirtithe nár cheart aon bharúlacha a sheolfar isteach maidir le mír RESTREINT UE/EU RESTRICTED ar an gclár gnó a sheoladh trí ghnáthphoist oscailte, nó trí mhodhanna eile nach bhfuil creidiúnaithe go hiomchuí i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chinneadh seo.
5. Féachfaidh an dream atá ag eagrú an chruinnithe le míreanna RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chur i ngrúpaí ar an gclár gnó a phléifear i ndiaidh a chéile d'fhonn dea-fheidhmiú an chruinnithe a éascú. Is iad na daoine a bhfuil riachtanas eolais acu, agus iadsan amháin, a fhéadfaidh a bheith i láthair le linn an phlé ar mhíreanna rúnaicmithe.
6. Beidh foláireamh sa chuireadh féin a thabharfaidh le fios do na rannpháirtithe go bpléifear topaicí rúnaicmithe ag an gcruinniú, agus go mbeidh feidhm ag na bearta slándála a fhreagraíonn dó sin.
7. Sa chuireadh féin nó i nóta maidir leis an gclár gnó féin, cuirfear i gcuimhne do rannpháirtithe go bhfuil feistí leictreonacha iniompartha le múchadh le linn an phlé ar mhíreanna RESTREINT UE/EU RESTRICTED.
8. Ullmhóidh an dream atá ag eagrú an chruinnithe liosta iomlán de rannpháirtithe seachtracha roimh an gcruinniú.

Airteagal 26

Trealamh leictreonach i seomra cruinnithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED

1. Ní fhéadfar ach córais TF atá creidiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chinneadh seo a úsáid i gcás ina gcuirtear faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED in iúl, mar shampla le linn cur i láthair nó físchomhdhála.
2. Déanfaidh an Cathaoirleach a áirithiú go múchfar feistí leictreonacha iniompartha neamhúdaraithé.

Airteagal 27

Nósanna imeachta atá le leanúint le linn chruinniú RESTREINT UE/EU RESTRICTED

1. Ag tús an phlé ar ábhar rúnaicmithe, fógróidh an Cathaoirleach don chruinniú go bhfuil tús á chur le plé den sórt sin. Dúnfar na doirse agus na dallóga.
2. Ní thabharfar ach an líon riachtanach doiciméad do rannpháirtithe agus ateangairí, de réir mar is iomchuí, ag tús an phlé.

Ní fhágfar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED gan aon duine á bhfaire le linn aon sosanna sa chruinniú.

3. Ag deireadh an chruinnithe, meabhrófar do na rannpháirtithe agus do na hateangairí gan aon doiciméid rúnaicmithe ná aon nótaí rúnaicmithe a d'fhéadfadh a bheith déanta acu a fhágáil sa seomra gan aon duine á bhfaire. Déanfaidh an dream atá ag eagrú an chruinnithe doiciméid rúnaicmithe nó nótaí rúnaicmithe nach mbíonn tugtha leo ag na rannpháirtithe ag deireadh an chruinnithe a bhailiú, agus déanfar iad a stialladh i stiallairí iomchuí.

4. Déanfar nóta de liosta na rannpháirtithe agus d'achóimre ar aon fhaisnéis rúnaicmithe a roinntear leis na Ballstáit agus a eisítear ó bhéal do thríú tíortha nó d'agraíochtaí idirnáisiúnta le linn an chruinnithe, d'fhonn go ndéanfar an méid sin a thairgeadh i dtoradh na n-imeachtaí.

Airteagal 28

Ateangairí agus aistritheoirí

Ní bheidh rochtain ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED ach ag ateangairí agus aistritheoirí atá faoi réir Rialacháin Foirne nó Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, nó ag daoine a bhfuil nasc conarthach acu leis an gCúirt Iniúchóirí.

CAIBIDIL 5

FAISNÉIS RESTREINT UE/EU RESTRICTED A CHOMHROINNT AGUS A MHALARTÚ

Airteagal 29

Toiliú an tionscnóra

Más rud é nach í an Chúirt Iniúchóirí tionscnóir na faisnéise rúnaicmithe arb inmhianaithe í a eisiúint nó a chomhroinnt, nó nach í tionscnóir an ábhair fhoinsigh a d'fhéadfadh a bheith inti í, iarrfaidh an roinn den Chúirt Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici toiliú i scríbhinn ón tionscnóir ar dtús á rá go bhféadfar an fhaisnéis sin a eisiúint. Mura féidir an tionscnóir a shainaithint, déanfaidh an roinn den Chúirt Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici rialú tionscnóra a fheidhmiú.

Airteagal 30

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chomhroinnt le heintitis eile de chuid an Aontais

1. Ní roinnfear faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED le hinstiúid, gníomhaireacht, comhlacht nó oifig eile de chuid an Aontais ach amháin má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir agus má tá socrú dlíthiúil atá ag freagairt dó sin ag an eintitas leis an gCúirt Iniúchóirí.

2. Laistigh den Chúirt Iniúchóirí, is í Oifig na dTairgeadh atá curtha ar bun i Rúnaíocht na Cúirte, mar rial ghinearálta, a bheidh mar phríomhphointe isteach agus amach d'fhaisnéis atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED agus atá á malartú ag an gCúirt Iniúchóirí le hinstiúidí, gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus oifigí eile de chuid an Aontais. Mar sin féin, féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a roinnt go díreach leis na faighteoirí beartaithe tar éis OSF na Cúirte Iniúchóirí agus Oifig na dTairgeadh a chur ar an eolas.

Airteagal 31

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a mhalartú leis na Ballstáit

1. Féadfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a roinnt leis na Ballstáit má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir.
2. Tabharfar an leibhéal céanna cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe na mBallstát, ar a bhfuil marcáil rúnaicmithe náisiúnta choibhéiseach ⁽⁸⁾ agus a cuireadh ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, agus a thugtar d'fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

⁽⁸⁾ Tá tábla coibhéise le haghaidh marcálacha na mBallstát ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444.

Airteagal 32

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a mhalartú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Ní dhéanfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a eisiúint do thríú tír ná d'eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir agus má tá creat dlíthiúil nó riaracháin iomchuí i bhfeidhm ag an tír nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta, amhail comhaontú maidir le slándáil faisnéise nó socrú riaracháin leis an gCúirt Iniúchóirí. Beidh forlámhas ag forálacha atá i gcomhaontú nó socrú den sórt sin ar fhorálacha an Chinnidh seo.
2. Is í Oifig na dTaufeadaí i Rúnaíocht na Cúirte, mar rial ghinearálta, a bheidh mar phríomhphointe isteach agus amach le haghaidh na faisnéise ar fad atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED agus a dhéantar a mhalartú idir an Chúirt Iniúchóirí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.
3. D'fhonn inrianaitheacht a áirithiú, déanfaidh Oifig na dTaufeadaí faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a thaifeadadh:
 - nuair a thagann sé isteach in eintiteas eagraíochtúil nó nuair a fhágann sé é; agus
 - nuair a thagann sé isteach sa CCF nó nuair a fhágann sé é.
4. Féadfar taifeadadh den sórt sin a dhéanamh ar pháipéar nó i logleabhair leictreonacha.
5. Féadfar nósanna imeachta taifeadta le haghaidh faisnéis rúnaicmithe a láimhseáiltear laistigh de CCF creidiúnaithe a dhéanamh trí phróisis laistigh den CCF féin. Sa chás sin, áireofar sa CCF bearta chun sláine na dtaifead logála a ráthú.
6. Tabharfar leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta atá coibhéiseach le leibhéal cosanta FRAE, sa chás go mbíonn marcáil rúnaicmithe choibhéiseach ar an bhfaisnéis sin faoi mar a leagtar amach sa chomhaontú nó sa socrú riaracháin faoi seach maidir le slándáil faisnéise.

Airteagal 33

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a eisiúint go heisceachtúil ar bhonn *ad hoc*

1. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt Iniúchóirí nó ceann dá ranna go bhfuil gá eisceachtúil le faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a eisiúint do thríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta nó eintiteas de chuid an Aontais, ach nach bhfuil aon chomhaontú maidir le slándáil faisnéise nó socrú riaracháin i bhfeidhm, leanfar an nós imeachta chun faisnéis a eisiúint go heisceachtúil ar bhonn *ad hoc* eisceachtúil.
2. Rachaidh ranna na Cúirte Iniúchóirí i dteagmháil leis an OSF agus leis an tionscnóir. Iarrfaidh an Chúirt Iniúchóirí comhairle ar cheann de na Páirtithe i gComhaontú maidir le Slándáil Faisnéise leis an eintiteas céanna sin de chuid an Aontais, leis an tríú tír chéanna sin nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta chéanna sin.
3. Tar éis an chomhairliúcháin sin, féadfaidh Coláiste na Cúirte Iniúchóirí, ar bhonn togra ón Ardrúnaí, eisiúint na faisnéise lena mbaineann a údarú.

CAIBIDIL 6

DEIREADH RÉ I gCÁS FAISNÉIS RESTREINT UE/EU RESTRICTED

Airteagal 34

Cathain a dhéanfar faisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú

1. Ní dhéanfar faisnéis a rúnaicmiú ach amháin ar feadh na tréimhse sin a mbeidh cosaint ag teastáil ina leith. Ciallaíonn scaoileadh ó rúnaicmiú nach measfar an fhaisnéis ar chor ar bith mar fhaisnéis rúnaicmithe a thuilleadh. Tráth a chruthaíte, cuirfidh an tionscnóir in iúl, i gcás inar féidir, an féidir FRAE a scaoileadh ó rúnaicmiú ar dháta áirithe nó tar éis imeacht sonrath. Taobh amuigh de sin, déanfaidh an tionscnóir athbhreithniú rialta ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED chun a chinneadh an bhfuil rúnaicmiú fós iomchuí.

2. Déanfar faisnéis atá rúnaicmithe mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED agus a tionscnaíodh sa Chúirt Iniúchóirí a scaoileadh ó rúnaicmiú tar éis 30 bliain, i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ⁽⁹⁾ arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 ⁽¹⁰⁾ ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2015/496 ⁽¹¹⁾ ón gComhairle.
3. Féadfar doiciméid na Cúirte Iniúchóirí a scaoileadh ó rúnaicmiú freisin ar bhonn *ad hoc*, mar shampla tar éis iarraidh ar rochtain ón bpobal.

Airteagal 35

Freagracht as scaoileadh ó rúnaicmiú

1. Ní dhéanfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a scaoileadh ó rúnaicmiú gan cead ón tionscnóir.
2. Beidh roinn na Cúirte Iniúchóirí a chruthaíonn doiciméad rúnaicmithe freagrach as a chinneadh an féidir é a scaoileadh ó rúnaicmiú. Laistigh den Chúirt Iniúchóirí, beidh gach iarraidh chun scaoileadh ó rúnaicmiú faoi réir comhairliúcháin le Príomhbhainisteoir nó Stiúrthóir na roinne tionscnaimh, nó leis an gCeann Cúraim. Má tá faisnéis rúnaicmithe ó fhoinsí éagsúla tiomsaithe ag an roinn, iarrfaidh sí toiliú ar dtús ó aon pháirtithe eile a chuir ábhar foinseach ar fáil, lena n-áirítear páirtithe ó Bhallstáit, comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.
3. I gcás nach ann a thuilleadh don roinn tionscnaimh sa Chúirt Iniúchóirí agus go bhfuil a freagrachtaí glactha ag roinn eile, is í an roinn sin a dhéanfaidh an cinneadh maidir le scaoileadh ó rúnaicmiú. I gcás nach ann don roinn tionscnaimh a thuilleadh agus nach bhfuil a freagrachtaí glactha ag roinn eile, is iad stiúrthóirí na Cúirte Iniúchóirí, i gcomhpháirt le chéile, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le scaoileadh ó rúnaicmiú.

Airteagal 36

Faisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe

I gcás ina ndéanfar cinneadh faisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú mar thoradh ar athbhreithniú ar dhoiciméad, breithneofar ar cheart an doiciméad a mharcáil mar fhaisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe a mhéid a bhaineann le scaipeadh an doiciméid de réir bhrí phointe 16 de bheartas rúnaicmithe faisnéise na Cúirte Iniúchóirí agus de réir phointe a ceathair de na Treoirí maidir le faisnéis AE nach bhfuil rúnaicmithe a rúnaicmiú agus a láimhseáil ⁽¹²⁾.

Airteagal 37

Conas a léiriú go ndearnadh doiciméad a scaoileadh ó rúnaicmiú

1. Cuirfear líne go feiceálach tríd an marcáil rúnaicmithe bhunaidh ag barr agus ag bun gach leathanaigh (ach gan an mharcáil féin a bhaint amach) trí úsáid a bhaint as an bhfeidhm “cuir líne trí” i gcás formáidí leictreonacha, nó de láimh i gcás doiciméid atá priontáilte.
2. Cuirfear stampa ar an gcéad leathanach (clúdach) ag tabhairt le fios go bhfuil an doiciméad scaoilte ó rúnaicmiú agus líonfar isteach na mionsonraí ag insint cén t-údarás atá freagrach as an scaoileadh ó rúnaicmiú agus cén dáta a ndearnadh an scaoileadh ó rúnaicmiú.

⁽⁹⁾ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1700/2003 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003, lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 243, 27.9.2003, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2015/496 ón gComhairle an 17 Márta 2015, lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 i dtaca le cartlann stairiúil na n-institiúidí a thaisceadh ag an Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans (IO L 79, 25.3.2015, lch. 1).

⁽¹²⁾ Staff Notice 123/20, available at: https://www.eca.europa.eu/Documents/Information_Classification_Policy_EN.pdf

3. Cuirfear faighteoirí bunaidh na faisnéise RESTREINT UE/EU RESTRICTED ar an eolas faoin scaoileadh ó rúnaicmiú. Beidh na faighteoirí tosaigh freagrach as scéala a chur chuig aon seolaithe ina dhiaidh sin ar sheol siad an leagan bunaidh nó cóip den fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED chucu.
4. Cuirfear Seirbhís Cartlainne na Cúirte Iniúchóirí ar an eolas faoi gach cinneadh maidir le scaoileadh ó rúnaicmiú a rinneadh.
5. Beidh gach aistriúchán ar fhaisnéis rúnaicmithe faoi réir na nósanna imeachta céanna maidir le scaoileadh ó rúnaicmiú agus atá ag an leagan sa bhunteanga.

Airteagal 38

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a scaoileadh ó rúnaicmiú go páirteach

1. Féadfar scaoileadh ó rúnaicmiú a dhéanamh go páirteach freisin (e.g. iarscríbhinní, roinnt míreanna ar leith). Is é an nós imeachta céanna a bheidh ann agus atá leis an nós imeachta chun doiciméad iomlán a scaoileadh ó rúnaicmiú.
2. Tar éis faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a scaoileadh ó rúnaicmiú go páirteach (“glanadh suas”), déanfar sliocht atá scaoilte ó rúnaicmiú a chur ar fáil.
3. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad na gcodanna atá fós rúnaicmithe:

CUID NACH BHFUIL LE SCAOILEADH Ó RÚNAICMIÚ

Beidh sé sin i gcorp an téacs féin, má tá an chuid atá fós rúnaicmithe mar chuid de mhír, nó mar mhír, más mír shonrach nó níos mó ná mír amháin atá sa chuid a fhanann rúnaicmithe.

4. Déanfar tagairt shonrach sa téacs mura féidir iarscríbhinn iomlán a scaoileadh ó rúnaicmiú agus, dá bhrí sin, gur coinníodh siar ón sliocht í.

Airteagal 39

Gnáthdhíothú agus gnáthscriosadh ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU

1. Ní dhéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí méideanna móra d'fhaisnéis rúnaicmithe a charnadh.
2. Déanfaidh ranna tionscnaimh athbhreithniú rialta ar mhéideanna beaga lena ndíothú nó lena scriosadh ag eatraimh ghearra. Déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar fhaisnéis atá stóráilte ar pháipéar agus ar fhaisnéis atá stóráilte sa CCF.
3. Déanfaidh daoine den fhoireann aon doiciméad RESTREINT UE/EU RESTRICTED nach bhfuil gá leo a thuilleadh a dhíothú nó scriosfaidh siad ar bhealach slán iad, faoi réir aon cheanglas cartlannaithe atá ann don bhundoiciméad.
4. Ní bheidh ar dhaoine den fhoireann an tionscnóir a chur ar an eolas má dhíothaíonn siad nó má scriosann siad cóipeanna de dhoiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED.
5. Beidh dréacht-ábhar ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe faoi réir na modhanna diúscairthe céanna le doiciméid rúnaicmithe chríochnaithe.
6. Ní úsáidfeadh ach stiallairí formheasta chun doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a dhíothú. Tá stiallairí ar Leibhéal 4 de DIN 32757 agus ar Leibhéal 5 de DIN 66399 oiriúnach chun doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED a dhíothú.
7. Is féidir an stiallra ó stiallairí formheasta a dhiúscairt mar ghnáthdhramhaíl oifige.

8. Déanfar gach meán agus gach feiste ina bhfuil faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a ghlanadh suas go cuí nuair a shroichfidh siad deireadh a saolré. Déanfar na sonraí leictreonacha a dhíothú nó a ghlanadh ó acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus ó na meáin stórála ghaolmhara (lena n-áirítear cúlta) ar bhealach a thugann dearbhú réasúnach nach féidir an fhaisnéis a aisghabháil. Is éard a bheidh i gceist leis an nglanadh suas ná sonraí a bhaint den fheiste stórála, chomh maith leis na lipéid, marcálacha agus logaí gníomhaíochta go léir.
9. Tabharfar meáin stórála ríomhaireachta don OSF lena ndíothú agus lena ndiúscairt.

Airteagal 40

Faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a thabhairt amach as an bhfoirgneamh agus a dhíothú i gcás éigeandála

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta mar aon leis an OSF pleananna chun doiciméid a thabhairt amach as an bhfoirgneamh agus a dhíothú i gcás éigeandála a fhorbairt, a fhorghnó agus, más gá, a ghníomhachtú chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a chosaint, má tá baol suntasach ann go bhfaighidh daoine neamhúdaráithe greim ar an bhfaisnéis sin le linn géarchéime. In ord tosaíochta, agus ag brath ar chineál na héigeandála, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

- (1) FRAE a aistriú chuig áit shábháilte eile, agus, más féidir, chuig Limistéar Riaracháin nó Oifig na dTaifead laistigh d'áitreabh na Cúirte Iniúchóirí;
- (2) FRAE a thabhairt amach as an bhfoirgneamh chuig áit shábháilte eile, agus, más féidir, chuig Limistéar Riaracháin nó Limistéar Daingnithe i bhfoirgneamh eile, agus, más féidir, chuig an Limistéar Daingnithe atá ag an gCoimisiún, a bhfuil comhaontú ar leibhéal seirbhíse tugtha i gcrích ag an gCúirt Iniúchóirí lena úsáid;
- (3) FRAE a dhíothú, trí úsáid a bhaint as an modh díothaithe formheasta i gcás inar féidir.

2. Nuair a bheidh pleananna éigeandála curtha i ngníomh, tabharfar tús áite don fhaisnéis lena ngabhann leibhéal níos airde a bhogadh nó a dhíothú ar dtús.

3. Déanfar mionsonraí oibríochtúla na bpleananna éigeandála féin do thabhairt amach na ndoiciméad agus don díothú a rúnaicmiú mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

Airteagal 41

Cartlannú

1. Beidh cinntí maidir le cibé a dhéanfar cartlannú agus cathain a dhéanfar é, chomh maith leis na bearta praiticiúla comhfhreagracha a bheidh le glacadh, i gcomhréir le beartas slándála faisnéise, beartas maidir le rúnaicmiú faisnéise agus beartas cartlainne na Cúirte Iniúchóirí.
2. Ní sheolfar doiciméid RESTREINT UE/EU RESTRICTED chuig Cartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh i bhFlórans.

CAIBIDIL 7

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Trédharcacht

Déanfar an Cinneadh seo a thabhairt ar aire fhoireann na Cúirte Iniúchóirí agus gach duine aonair a bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leo, agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 43***Teacht i bhfeidhm**

Tar éis don Choiste Riaracháin an Cinneadh seo a ghlacadh, tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Márta 2023.

Thar ceann an Choiste Riaracháin sa Chúirt Iniúchóirí

An tUachtarán

Tony MURPHY

IARSCRÍBHINN

**Catagóirí dhaoine den fhoireann a bhféadfadh rochtain a bheith acu ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU
RESTRICTED más gá é sin chun a gcúraimí gairmiúla a dhéanamh**

Catagóirí de phearsanra na Cúirte Iniúchóirí	Rochtain ar fhaisnéis R-UE/EU-R	Coinníollacha
Oifigigh	Tá	Faisnéisiú + admháil + riachtanas eolais
Gníomhairí sealadacha	Tá	Faisnéisiú + admháil + riachtanas eolais
Gníomhairí ar Conradh	Tá	Faisnéisiú + admháil + riachtanas eolais
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna) ó Bhallstáit an Aontais	Tá	Faisnéisiú (ón gCúirt Iniúchóirí) + admháil + riachtanas eolais
Oiliúnaithe	Níl	Ní féidir eisceachtaí a dhéanamh
Aon chatagóir eile den phearsanra (daoine atá fostaithe ar bhonn eatramhach, fostaithe seachtracha atá ag obair <i>intra muros</i> , etc.)	Níl	Dul i gcomhairle leis an OSF i gcás eisceachtaí ar bith

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)